Oifig an Ard-Aighne

Tuarascáil Bhliantúil
2019

Ina gcuimsítear an Tríú Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le Cur i bhFeidhm
an Ráitis Straitéise don tréimhse 2016-2019

Clár

Brollach ón Ard-Aighne

Réamhrá leis an Ard-Stiúrthóir

Cuid 1: An Oifig

- Ról na nAbhcóidí Comhairleacha
- Ról Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtais
- Ról Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit
- Dlíodóirí ar Iasacht
- An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí
- Tuilleadh Faisnéise

Cuid 2: Baint Amach Spriocanna Ardleibhéil an Ráitis Straitéise

Sprioc Ardleibhéil 1: Sainseirbhís chomhairleach dlí a sholáthar don Rialtas agus do Ranna agus Oifigí cliaint

- Samplaí de Sheirbhísí Comhairleacha a chuir an Oifig ar fáil sa bhliain 2019
- Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 1 de chuid an Ráitis Straitéise

Sprioc Ardleibhéil 2: Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas: Sainseirbhís dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas

- Samplaí de reachtaíocht a dhréachtaigh ODP sa bhliain 2019
- Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 2 de chuid an Ráitis Straitéise

Sprioc Ardleibhéil 3: Seirbhís dlíthíochta a sholáthar lena seachadtar torthaí optamacha dár Ranna agus dár nOifigí cliaint

- Samplaí de sheirbhísí dlíthíochta a chuir an Oifig ar fáil sa bhliain 2019
- Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 3 de chuid an Ráitis Straitéise

Sprioc Ardleibhéil 4: Seirbhís dlí réiteach-bhunaithe a sholáthar faoi cheannas OPAS mar thacaíocht i leith chuspóirí idirbheartaíochta agus gnó ár Ranna cliaint a chur i bhfeidhm

- Samplaí de sheirbhísí idirbheartaíochta a chuir an Oifig ar fáil sa bhliain 2019: Rannán Maoine Stáit OPAS
- Samplaí de sheirbhísí idirbheartaíochta a chuir an Oifig ar fáil sa bhliain 2019: Rannóg Conarthaí Tráchtála OPAS
- Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 4 de chuid an Ráitis Straitéise

Sprioc Ardleibhéil 5: Tacú le hardleibhéil saineolais, inniúlachta, eolas cothrom le dáta ar an dlí agus scileanna cumarsáide éifeachtacha a fhorbairt, laistigh de thimpeallacht eolas-bhunaithe

- Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 5 de chuid an Ráitis Straitéise

Sprioc Ardleibhéil 6: Cleachtadh dlí agus seirbhísí corparáideacha agus bainistíochta gnó de chineál nua-aimseartha agus gairmiúil a sholáthar mar thacaíocht don Oifig le linn an caighdeán seirbhíse is airde a sholáthar

- Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 6 de chuid an Ráitis Straitéise

Cuid 3: Iarscríbhinní

- Iarscríbhinn A: Billí Rialtais a foilsíodh sa bhliain 2019
- Iarscríbhinn B: Billí Rialtais a achtaíodh sa bhliain 2019
- Iarscríbhinn C: Billí Comhaltaí Príobháideacha a achtaíodh sa bhliain 2019
- Iarscríbhinn D: Meastacháin agus Toradh Sealadach
- Iarscríbhinn E: Ráitis agus Tuarascálacha i leith cleachtais íocaíochta
- Iarscríbhinn F: Miondealú Foirne
- Iarscríbhinn G: Staitisticí Saorála Faisnéise
- Iarscríbhinn H: Úsáid Fuinnimh

Brollach ón Ard-Aighne

Fáiltím roimh Thuarascáil Bhliantúil 2019 d'Oifig an Ard-Aighne (ina n-áirítear Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit), ar tuarascáil í ina dtugtar léiriú ar an raon leathan oibre a ndeachaigh an Oifig ina bun i rith na bliana.

Sa bhliain 2019, dhéileáil an Oifig le héileamh suntasach ar sholáthar seirbhísí dlí ón Rialtas, ó Ranna agus ó Oifigí. Sa Tuarascáil Bhliantúil seo, tarraingítear aird ar an raon leathan oibre a dhéanann an Oifig le linn comhairle dlí a thabhairt, dlíthíocht a sheoladh sna cúirteanna agus reachtaíocht a chlúdaíonn raon leathan ábhar a dhréachtú. Tá ról fíorthábhachtach ag an Oifig i ndáil le tacú le hobair an Rialtais trí bhíthin na seirbhísí dlí a sholáthraíonn sí.

I measc na nithe ar ina leith a thug an Oifig tacaíocht agus seirbhísí dlí do chliaint sa bhliain 2019, áiríodh an méid seo a leanas:

- Seirbhísí dlí a sholáthar maidir le raon leathan saincheisteanna dlí a bhain leis an mBreatimeacht;
- Seirbhísí dlí a sholáthar faoi nithe éagsúla a bhain leis an dlíthíocht i ndáil le *CervicalCheck* agus leis an mBinse a bhí beartaithe ina leith sin;
- Seirbhísí dlí a sholáthar i ndáil le saincheisteanna a bhain le Cosaint Sonraí;
- Seirbhísí dlíthíochta agus seirbhísí comhairleacha i ndáil le nithe casta a bhain le cúrsaí tearmainn agus inimirce, i ndáil le cúrsaí cánach agus i ndáil le rialáil an chomhshaoil;
- Reachtaíocht chasta mhionsonraithe a dhréachtú, lena n-áirítear reachtaíocht Omnibus maidir leis an mBreatimeacht.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an bhfoireann ar fad in Oifig an Ard-Aighne agus in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit as a dtiomantas agus as a dtacaíocht ar fud na bliana i leith deimhin a dhéanamh de go leanann an Oifig de sheirbhísí dlí den chaighdeán is airde agus is féidir a chur ar fáil.

Seamus Woulfe AS
Ard-Aighne

Réamhrá leis an Ard-Stiúrthóir

A Ard-Aighne,

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil Oifig an Ard-Aighne don bhliain 2019 a chur i láthair, ar tuarascáil í ina dtugtar mionsonraí faoin raon ilchineálach oibre a dhéantar ar fud Oifig an Ard-Aighne agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit i rith na bliana.

Déantar spriocanna uileghabhálacha na hOifige agus na príomhchuspóirí a bhaineann le baint amach na spriocanna sin a leagan amach sa Ráiteas Straitéise. Leis an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997, ceanglaítear tuarascáil a bhaineann leis an dul chun cinn ar chomhlíonadh na gcuspóirí atá leagtha amach sa ráiteas straitéise a thíolacadh gach bliain don Ard-Aighne.

Sa bhliain 2019, dhéileáil an Oifig le héileamh suntasach ar sheirbhísí dlí ónár gcliaint ar fud raon leathan réimsí ábhair. Clúdaíonn an tseirbhís a sholáthraíonn an Oifig gach gné de ghnó agus de bheartas an Rialtais agus tá athrú ag teacht de shíor ar chuid mhór de na réimsí sin. Bhí roinnt dúshlán le sárú againn sa bhliain 2019, mar shampla, nithe a bhain leis an mBreatimeacht, Clár *CervicalCheck* agus saincheisteanna a bhain le Cosaint Sonraí. Chuaigh an Oifig i ngleic leis na dúshláin sin ar mhodh tráthúil agus leanadh de sheirbhís dlí ardchaighdeáin a sholáthar trí chomhairle dhlí, seirbhísí dlíthíochta agus seirbhísí dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar.

Lean an Oifig de bhaill foirne a thabhairt ar iasacht i leith poist intíre agus poist thar lear ar fud na bliana 2019 faoina cláir iasachta ar ghlac 40 ball foirne páirt iontu.

Lean Abhcóidí Comhairleacha de chomhairle dlí a sholáthar thar raon leathan ilchineálach saincheisteanna a raibh pointí dlí AE, bunreachta, idirnáisiúnta agus intíre i gceist leo.

Dhréachtaigh ODP líon suntasach Billí Rialtais, chomh maith le leasuithe Chéimeanna Coiste agus Tuarascála na mBillí sin, agus leasuithe ar Bhillí Comhaltaí Príobháideacha, a dhréachtú. I rith na bliana, foilsíodh 40 Bille Rialtais agus achtaíodh 48 Bille Rialtais. Ina theannta sin, dhréachtaigh ODP 235 cinn de na hIonstraimí Reachtúla a rinneadh sa bhliain 2019 agus bhain 57 gcinn díobh sin le trasuíomh bearta de chuid an Aontais Eorpaigh.

Lean Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit de sheirbhísí speisialaithe ardchaighdeáin aturnae a sholáthar, ar seirbhísí iad inar áiríodh nithe a bhain le dlíthíocht, le cúrsaí maoine, le conarthaí Rialtais agus le nithe eile maidir le hidirbheartaíocht.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann go léir in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit as a dtiomantas leanúnach agus as a gcuid oibre crua. Is a bhuí leo siúd gur féidir linn ár misean a chur i gcrích - is é sin, an caighdeán is airde seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun mo bhuíochas a ghabháil le Richard Barrett a scoir dá phost mar Leas-Ard-Stiúrthóir sa bhliain 2019.

Damien Ó Maoldomhnaigh
Ard-Stiúrthóir

Cuid 1: An Oifig

Is é an tArd-Aighne an comhairleoir dlí don Rialtas, de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 30 den Bhunreacht. Is é Seamus Woulfe AS an tArd-Aighne reatha. Déanann an Oifig, ina gcuimsítear trí chuid: Abhcóidí Comhairleacha an Ard-Aighne agus Oifig Dhréachtóirí Parlaiminte an Rialtais (“an OAA”) agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (“an OPAS”), cúnamh a thabhairt don Ard-Aighne i ndáil le comhairle dlí a sholáthar don Rialtas. Áiríonn sé sin comhairle a thabhairt d’Airí, do Ranna agus do chomhlachtaí poiblí áirithe eile; reachtaíocht a dhréachtú; feidhmiú thar ceann an Stáit i ndáil le dlíthíocht agus roinnt feidhmeanna eile, go háirithe feidhmeanna reachtúla.

Is é misean na hOifige an caighdeán is airde seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí ar bhonn chomh tíosach agus chomh héifeachtach agus is féidir, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do chomhlíonadh riail an dlí

Tá OAA suite i dTithe an Rialtais ar Shráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath, áit a bhfuil líon foirne tuairim is 140 duine lonnaithe. I measc na mball foirne, áirítear Abhcóidí Comhairleacha, Dréachtóirí Parlaiminte, foireann riaracháin agus tacaíochta agus foireann Leabharlainne agus Fios Gnó. Tá OPAS suite ar Shráid na gCaorach Bheag agus ar Lána na Seansaireachta agus tá foireann 294 ann ina gcuimsítear aturnaetha agus feidhmeannaigh dhlí chomh maith le foireann riaracháin agus foireann Leabharlainne agus Fios Gnó.

Is é an tArd-Stiúrthóir, Damien Ó Maoldomhnaigh, ceann riaracháin na hOifige. Eisean atá i gceannas ar Abhcóidí Comhairleacha an Ard-Aighne. Is í June Reardon an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte agus is í Maria Browne an Príomh-Aturnae Stáit. Is é an tArd-Stiúrthóir an t-oifigeach cuntasaíochta do OAA agus is é an Príomh-Aturnae Stáit an t-oifigeach cuntasaíochta do OPAS.

Is é an tArd-Aighne príomh-oifigeach dlí an Stáit agus is í Oifig an Ard-Aighne príomh-oifig dhlí an Stáit Léiríonn raon na hoibre san Oifig scóip iomlán ghnó agus bheartas an Rialtais, lena n-áirítear imeachtaí gan choinne óna n-eascraíonn iarrataí ar chomhairle dhlí, dréachtú reachtaíochta príomha agus tánaistí agus cosaint a dhéanamh in imeachtaí cúirte. Déileáiltear le saincheisteanna dlí i réimsí mórchonspóide agus i réimsí íogaire amhail dlí AE, inimirce, oideachas, cúram sláinte, cosaint sonraí agus ceartas coiriúil. Ina theannta sin, soláthraíonn an Oifig comhairle dlí thráchtála agus seirbhísí idirbheartaíochta dlí don Rialtas, do Ranna agus d’Oifigí sna réimsí a bhaineann le soláthar poiblí, conarthaí, státchabhair, maoin an Stáit agus maoin intleachtúil. Tugann sí comhairle freisin maidir le cuid mhór gnéithe de dhlí fostaíochta an Stáit e.g. ceapacháin, araíonacht agus pinsin.

Soláthraíonn an Oifig seirbhís ghairmiúil ardchaighdeáin dá cliaint seirbhíse poiblí. Tá tuiscint fhíormhaith aici ar an tseirbhís phoiblí, ar chúrsaí Rialtais agus ar an bpróiseas reachtach mar aon le hardleibhéal cuimhne corparáidí agus ‘Fios Gnó’. Glacann sí páirt i líon mór coistí, grúpaí oibre agus líonraí gairmiúla de chuid na seirbhíse poiblí, de chuid ghairm an dlí agus de chuid

eagraíochtaí idirnáisiúnta. Díorthaíonn neamhspleáchas na hOifige ó ról bunreachtúil an Ard-Aighne, ó chultúr na hOifige agus ó chineál láraithe sheirbhís dlí an Rialtais. Díorthaíonn sineirgí agus éifeachtúlachtaí ó ról lárnach na hOifige go háirithe nuair a bhíonn gá le cur chuige uile-Rialtais.

De bharr chineál dinimiciúil na hoibre, agus athruithe leanúnacha ag tarlú i ndlí na hÉireann, i ndlí Eorpach agus i ndlí idirnáisiúnta, mar aon le hathruithe leanúnacha ar imthosca agus ar riachtanais, tá gá le hOifig fhreagrúil agus le comhlíonadh na gcaighdeán is airde i dtaca le seirbhís ghairmiúil agus seirbhís phoiblí de.

Ról na nAbhcóidí Comhairleacha

Is é príomhdhualgas na nAbhcóidí Comhairleacha cúnamh a thabhairt don Ard-Aighne i ndáil lena chuid feidhmeanna, cumhachtaí agus dualgas a chur chun feidhme. Tá raon na n-ábhar a bhíonn i gceist chomh leathan le sainchúram an Rialtais, ach is féidir na gníomhaíochtaí a rangú i dtrí chatagóir tríd is tríd -

- comhairle dlí a sholáthar,
- dlíthíocht a stiúradh, agus
- comhairle dlí maidir le seirbhís dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.

Tá na hAbhcóidí Comhairleacha roinnte ina gcúig ghrúpa speisialaithe agus oibríonn siad go dlúth le dlíodóirí in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas, áit a dtugann siad comhairle faoi shaincheisteanna dlíthiúla le linn reachtaíocht a dhréachtú, agus in OPAS, áit a dtugann siad comhairle maidir le dlíthíocht a sheoladh agus maidir le nithe eile a bhaineann le comhairle dlí. Ina theannta sin, oibríonn Abhcóidí Comhairleacha go dlúth le habhcóidí seachtracha nuair is gá.

Baineann tábhacht ar leith leis an gcúnamh a sholáthraítear don Ard-Aighne roimh chruinnithe an Rialtais e.g. comhairle a thabhairt i dtaobh an gcomhlíonann cinneadh Rialtais beartaithe nó scéim reachtach de chuid an Rialtais forálacha na Bunreachta, reachtaíocht, Conarthaí agus dlí an Aontais Eorpaigh, an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus conarthaí idirnáisiúnta eile ar aontaigh Éire dóibh.

Ról Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas

Déanann Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas (“an ODP”) seirbhís ghairmiúil dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.

Déanann dlíodóirí speisialachais an ODP, ar a dtugtar Dréachtóirí Parlaiminte, reachtaíocht phríomha (Billí Rialtais) agus reachtaíocht thánaisteach (ionstraimí reachtúla, lena n-áirítear rialacháin agus orduithe Rialtais) a mbaineann cineálacha éagsúla castachta agus práinne leo a dhréachtú d’fhonn beartas an Rialtais a léiriú agus chun reachtaíocht AE a thrasuí i ndlí na

hÉireann.

Tá freagracht ar ODP freisin i ndáil le dréachtú leasuithe Rialtais ar Bhillí (lena n-áirítear Billí Comhaltaí Príobháideacha) ag Céim an Choiste agus ag Céim na Tuarascála le linn Bille a bheith á phlé i dTithe an Oireachtais.

Mar thoradh ar obair an ODP, cumasaítear don Rialtas a gClár Reachtaíochta a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach tráthúil agus déanann an ODP idirchaidreamh dlúth le Coiste Reachtaíochta an Rialtais maidir le Billí a dtugann an Rialtas tús áite dóibh.

Tá an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte i gceannas ar an ODP agus tá an oifig roinnte ina ceithre ghrúpa dréachtaithe. Rinneadh dréachtú Billí agus ionstraimí reachtúla do 17 Roinn Rialtais a roinnt i measc na ngrúpaí dréachtaithe, agus gach grúpa ar leith ag plé le roinnt Ranna sonraithe.

Faigheann na Dréachtóirí Parlaiminte ardleibhéal oiliúna maidir leis an disciplín dréachtaithe reachtaíochta agus, chomh maith le léiriú a thabhairt ar bheartas an Rialtais a léiriú, ní foláir go mbeidh an reachtaíocht sin slán ó thaobh an Bhunreachta de, go dtugtar aird inti ar an gcóras dlí i gcoitinne agus go mbeidh sí soiléir agus éifeachtach.

Ról Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Soláthraíonn OPAS raon leathan seirbhísí dlí don Ard-Aighne agus do Ranna agus d'Oifigí agus tá cúig Rannán dlí ann: Rannán an Dlí Riaracháin; Rannán an Dlí Chomhairligh, Tráchtála & Fostaíochta; Rannán an Dlí Bunreachta & Dlíthíochta Stáit; an Rannán Ceartais; agus an Rannán Maoine Stáit. Áiríonn na seirbhísí sin raon leathan dlíthíochta sibhialta sna cúirteanna go léir (lena n-áirítear Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i Lucsamburg ("CBAE")); seirbhísí tiolacais agus dlí maoine; seirbhísí dlí conarthaí tráchtála; comhairle maidir leis an dlí soláthair phoiblí & cúnaimh stáit; seirbhísí ginearálta comhairliúcháin dlí agus seirbhísí dlí do Ranna agus d'Oifigí roimh Bhinsí Fiosrúcháin, roimh Choimisiúin Imscrúdúcháin agus roimh fhiosrúcháin reachtúla eile.

Dlíodóirí ar Iasacht

Sa bhliain 2019, leanadh d'Abhcóidí Comhairleacha a iasachtú chuig Ranna mar Chomhairleoirí Dlí, rud ar cuireadh tús leis i mBealtaine 2006. Ag deireadh na bliana 2019, bhí 28 nAbhcóide Comhairleacha ar iasacht i 14 Roinn. Bhí Abhcóide Comhairleach amháin ar iasacht i mBuanionadaíocht AE agus bhí Abhcóide Comhairleach amháin ar iasacht sa Chúirt Eorpach um Chearta an Duine. Chomh maith leis sin, bhí beirt Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht mar Shaineolaithe Náisiúnta in Institiúidí AE.

Thosaigh cúigear aturnaetha tréimhse iasachtaithe in OPAS sa bhliain 2019, rud a d'fhág go raibh deichniúr aturnaetha san iomlán ar iasacht san oifig sin. As measc an chúigir sin, tugadh beirt ar

iasacht do Ranna, tugadh beirt ar iasacht chuig an gclár Oiliúna Gairmiúla Saineolaithe Náisiúnta sa Choimisiún Eorpach, agus tugadh duine amháin ar iasacht d'údarás rialála.

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Déantar an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí a mhaoiniú go hiomláin ó vóta Oifig an Ard-Aighne.[*] Is comhlacht reachtúil é a bunaíodh faoin Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975. Is é an ról atá aige an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolach, moltaí a dhéanamh dá réir sin maidir le hathchóiriú an dlí, agus an dlí atá ann faoi láthair a dhéanamh inrochtana do chách. Déantar clár an Choimisiúin a chur i gcrích go príomha faoi chlár athchóirithe an dlí a cheadaíonn an Rialtas agus a leagtar faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Ina theannta sin, oibríonn an Coimisiún ar nithe sonracha a ndéanann an tArd-Aighne a tharchur chuige faoi Acht 1975.

Tuilleadh faisnéise

Chun tuilleadh mionsonraí a fháil maidir le OAA agus OPAS, tabhair cuairt, le do thoil, ar ár láithreáin ghréasáin ag www.attorneygeneral.ie agus ag www.csso.ie.

[*] Airgead le haghaidh sheirbhísí na hOifige a vótáiltear sa Dáil ar bhonn bliantúil.

Cuid 2: Baint Amach Spriocanna Ardleibhéil an Ráitis Straitéise*

Sprioc Ardleibhéil 1: Sainseirbhís chomhairleach dlí a sholáthar don Rialtas agus do Ranna agus Oifigí cliaint

Samplaí de sheirbhísí comhairleacha a chuir an Oifig ar fáil sa bhliain 2019:

- An Bhreatimeacht - comhairle dlí i ndáil le raon leathan saincheisteanna dlíthiúla a bhí tagtha chun cinn, lena n-áirítear seirbhísí dlí i ndáil leis an Acht um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (Forálacha Iarmhartacha) 2019.
- Comhairle a thabhairt do Ranna faoi thuarascáil an Choimisinéara Cosanta Sonraí maidir leis an gCárta Seirbhísí Poiblí.
- Comhairle don Rialtas maidir le nithe éagsúla a bhain le clár *CervicalCheck*. D'áirigh sé sin comhairle faoi shaincheisteanna dlí i ndáil le tuarascálacha agus fiosrúcháin éagsúla maidir le hoibriú an chláir sin agus comhairle faoi bhunú Scéim neamhnochta ex-gratia *CervicalCheck*. Soláthraíodh comhairle freisin maidir leis an Acht fán mBinse um CervicalCheck 2019.
- Cúrsaí Tearmainn, inimirce agus saoránachta, lena n-áirítear breithiúnais a thug cúirteanna na hÉireann agus CBAE i ndáil le cúrsaí den sórt sin.
- Le halt 24(1) den Acht Cróinéirí 1962, déantar foráil maidir le cumhacht an Ard-Aighne a ordú do chróinéir ionchoisne a chur ar bun. Tharla an feidhmiú is suntasaí le cuid mhór blianta anuas i leith na feidhme sin i Meán Fómhair 2019 tráth ar ordaigh an tArd-Aighne ionchoisní nua a chur ar bun maidir leis na 48 mbás a tharla mar thoradh ar an dóiteán i ndioscó Stardust in Ard Aidhin, Baile Átha Cliath, ar an 14 Feabhra 1981.
- Comhairle a thabhairt do Ranna maidir le Billí Comhaltaí Príobháideacha.
- Bhí baill foirne ar Ghrúpa Athbhreithnithe an Cheartais Shibhialta (a bhfuil an Breitheamh Uasal Peter Kelly ina chathaoirleach air agus atá á riaradh ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais). Tá scrúdú á dhéanamh ag an nGrúpa Athbhreithnithe ar riaradh reatha an cheartais shibhialta sa Stát d'fhonn feabhas a chur ar an rochtain ar cheartas, laghdú a dhéanamh ar chostas na dlíthíochta (lena n-áirítear costais don Stát) agus feabhas a chur ar nósanna imeachta agus ar chleachtais ionas go gcinnteofar go mbíonn éisteachtaí tráthúla ann.

*Mar atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise 2016-2019.

- Comhairle maidir le tithíocht (lena n-áirítear leasuithe ar an Acht um Thionóntachtaí Cónaitheacha 2004) agus maidir le bunú na Gníomhaireachta um Fhorbairt Talún.
- Cúrsaí Póilíneachta, lena n-áirítear comhairle don Gharda Síochána maidir le saincheisteanna dlí amhail cumhachtaí an Gharda Síochána, grinnscrúdú ag an nGarda Síochána agus scéim atreoraithe an Gharda Síochána do dhaoine óga agus comhairle don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le saincheisteanna áirithe lena n-áirítear léiriú Acht an Gharda Síochána 2005 agus ullmhú Bille um Póilíneacht agus Sábháilteacht Phobail.
- Léiriú an dlí i leith na reachtaíochta fíoríogaire dar teideal an tAcht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dlí-Eolaíochta agus Córas Bunachair Sonraí DNA) 2014 agus oibríochtaí Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann.
- Comhairle maidir leis an Reifreann i ndáil le Colscaradh agus maidir le reachtaíocht ghaolmhar.
- Comhairle a thabhairt faoi raon saincheisteanna a bhain le dlí an leighis agus bitheitic, lena n-áirítear dlí na sláinte atáirgthe, atáirgeadh cuidithe agus máthairionadaíocht.

Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 1 de chuid an Ráitis Straitéise

1.1 *Cuidiú leis an Ard-Aighne a ról bunreachtúil a chomhlíonadh*

- Sholáthair Abhcóidí Comhairleacha comhairle dlí agus cúnamh dlí don Ard-Aighne ar bhealach tráthúil maidir le cruinnithe de chuid an Rialtais ar fhreastail sé orthu, maidir lena chomhairle don Rialtas agus d'Airí Rialtais agus maidir le comhlíonadh a chuid feidhmeanna i gcoitinne.
- Sholáthair Dréachtóirí Parlaiminte comhairle don Ard-Aighne maidir le nithe a bhain le dréachtú reachtaíochta agus, chomh maith leis sin, sholáthair siad faisnéis maidir le dul chun cinn agus comhairle dlí le linn an phróisis dréachtaithe, go háirithe roimh chruinnithe de chuid an Rialtais agus Choiste Reachtaíochta an Rialtais.

1.2 *Cumarsáid struchtúraithe rialta le Ranna agus le hOifigí cliaint*

- Bhí cruinnithe ag an Oifig go tráthrialta le príomhchliaint (de bhreis ar na comhairliúcháin agus ar na cruinnithe i dtaca le saincheisteanna ar leith) e.g. maidir le hEiseachadadh agus maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach ("BGE"), maidir le tearmann agus inimirce, agus maidir leis an nGrúpa Comhordúcháin Mhuirí. Ina theannta sin, ghlac an Oifig páirt sna Grúpaí iomchuí Idir-Roinne agus Oifigeach Sinsearach a bhí ag plé leis an mBreatimeacht agus le pleanáil theagmhasach.

- Mar thoradh ar obair meithleacha trasghrúpa Abhcóidí Comhairleacha ina raibh an raon riachtanach saineolais, cinntíodh go raibh seirbhís chomhairle dlí ardchaighdeáin ann i gcomhair mórthionscadal amhail CervicalCheck agus an Breatimeacht.

- Athbhreithníodh agus feabhsaíodh próisis OAA e.g. i réimsí dhlí an Aontais Eorpaigh.

1.3 *Ag coinneáil cothrom le dáta le forbairtí i ngnólachtaí dlí agus i rannáin dlí san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí nó i ndlínsí eile*

- Tá córais ardchaighdeáin bainistíochta eolais agus bainistíochta cás agus taifead ann san Oifig. Choinnigh aonad na Leabharlainne agus Fios Gnó agus an t-aonad TFC cothrom le dáta le dea-chleachtas, go háirithe i ngnólachtaí dlí agus i rannáin dlí san earnáil phríobháideach. Féach roinn 6.1 thíos chun tuilleadh faisnéise a fháil.

1.4 *Athbhreithniú agus feabhsú go leanúnach ar shainseirbhísí comhairleacha ag Abhcóidí Comhairleacha*

- Rinneadh réimsí ábhair agus ballraíocht sna cúig ghrúpa Abhcóidí Comhairleacha a athbhreithniú go tráthrialta, ag féachaint do raon an tsaineolais, do luaineachtaí na hoibre agus d'fhorbairt scileanna agus taithí na ndlíodóirí. Bhí cinn na ngrúpaí sin i dteagmháil go tráthrialta le chéile ag a gcruinnithe seachtainiúla agus de réir mar a bhí riachtanach i ndáil le tionscadail a raibh gá le hionchur speisialtóireachta ina leith ó roinnt grúpaí éagsúla.

- Chomh maith le leanúint de chomhairle a thabhairt i dtaca le comhaid a bhí oscailte cheana féin, osclaíodh gar do 1,000 comhad comhairleach nua in OAA sa bhliain 2019. Tugadh comhairle dlí freisin i ndáil le comhaid a bhain le reachtaíocht, dlíthíocht agus idirbhearta ar leith.

- Rinne Abhcóidí Comhairleacha a gcuid saineolais ar réimsí ábhartha dlí a nuashonrú trí thaighde a dhéanamh, trí mheantóireacht agus trí ionduchtú, trí fhreastal ar chúrsaí agus ar chomhdhálacha, trí oiliúint agus forbairt inmheánach agus trí chruinnithe dlíthiúla inmheánacha tráthrialta ar lena linn a chuir Abhcóidí Comhairleacha agus Dréachtóirí Parlaiminte saincheisteanna dlí reatha i láthair. Ba phríomhghnéithe den obair iad, i dtaca le Abhcóidí

Comhairleacha a choinneáil cothrom le dáta, scaipeadh grúpthuarascálacha seachtainiúla ar na dlíodóirí uile in OAA agus an bhéim ar chomhairle dlí a chur le córas Fios Gnó na hOifige. Feabhsaíodh saineolas trí oiliúint ar úsáid uirlisí taighde ar an gCóras Bainistíochta Cás agus Taifead, ar an mbunachar sonraí Fios Gnó agus ar bhunachair shonraí eile de chineál tráchtála.

- D'oibrigh an fhoireann Leabharlainne agus Fios Gnó agus taighdeoirí dlí go dlúth le grúpaí Abhcóidí Comhairleacha chun a gcumas a uasmhéadú i leith comhairle ardchaighdeáin a sholáthar, agus forbairtí úrnua agus údaráis á gcur san áireamh. Bhí an fhoireann Leabharlainne agus Fios Gnó an-ghníomhach in OAA le linn tionscnaimh oiliúna agus forbartha agus tionscnaimh fios gnó a chur i gcrích. De bhreis air sin scaip siad breithiúnais a bhí tugtha le déanaí ar bhonn tráthrialta, bhailigh siad blaganna dlíthiúla ardchaighdeáin agus rinne siad athbhreithniú go leanúnach ar chatalóg na dtéacsanna atá ar fáil sa leabharlann.

- Bhí ról ar leith ag Abhcóidí Comhairleacha i dtaca le dlíthíocht de trí ghrinnanailís dhlíthiúil a chur ar fáil agus trí chomhairle ó abhcóidí seachtracha a athbhreithniú i gcomhthéacs uile-Rialtais, agus trí chomhairle a ghlacadh leis an Ard-Aighne agus faisnéis a thabhairt don Ard-Aighne de réir mar ba chuí. Rinneadh cur chuige straitéiseach maidir le saincheisteanna dlí, lena n-áirítear idirghabháil i gcásanna áirithe, a ghlacadh i réimsí dlíthíochta amhail tearmann, inimirce, iarratais Airteagal 40, an Barántas Gabhála Eorpach, dlí comhshaoil, cúrsaí fostaíochta agus araíonachta, ar réimsí iad ina dtagann an tsaincheist chéanna chun cinn ina lán cásanna (féach roinn 3.1 thíos). Ina theannta sin, shainaithin Abhcóidí Comhairleacha saincheisteanna dlí a tháinig chun cinn agus a d'fhéadfadh tairbhiú ó réiteach reachtach.

- Is ról suntasach, deacair de chuid na nAbhcóidí Comhairleacha é breithnithe dlíthiúla a ullmhú, agus ionchur an Ard-Aighne a lorg, i ndáil le Scéimeanna Ginearálta Billí. Breithníodh saincheisteanna bunreachtúla, AE, ECHR agus beartais dhlíthiúil agus ba chomhpháirteanna ríthábhachtacha iad d'ionchur na nAbhcóidí Comhairleacha eolas agus tuiscint na nAbhcóidí Comhairleacha ar an tseirbhís phoiblí, ar an bpróiseas reachtach, ar an gcóras dlí agus ar chásdlí sna réimsí áirithe a bhí i gceist.

- Tar éis don Rialtas cinneadh a dhéanamh maidir le Bille a dhréachtú, d'ardaigh Dréachtóirí Parlaiminte agus an Roinn saincheisteanna dlí go tráthrialta lena mbreithniú ag Abhcóidí Comhairleacha agus is minic go raibh na saincheisteanna sin de chineál thar a bheith casta agus nuálach. Chuir Abhcóidí Comhairleacha aighneachtaí dlíthiúla faoi bhráid an Ard-Aighne nuair a bhí gá lena thuairim ar shaincheisteanna ar leith. Ina theannta sin, ghlac Abhcóidí Comhairleacha páirt sna nósanna imeachta Dearbhaithe Cáilíochta i leith dréacht-reachtaíochta (féach roinn 2.6 thíos).

- Chuir Abhcóidí Comhairleacha ionchur suntasach ar fáil maidir le Bhillí Comhaltaí Príobháideacha agus thug siad cúnamh do Ranna maidir le tuiscint a fháil ar na himpleachtaí dlí. Chuir Abhcóidí Comhairleacha cuid mhór eolais agus fairsinge taithí ar fáil i leith an phróisis reachtaíochta agus i leith na réimsí sonracha dlí a bhí i gceist.

- Leanadh de réimsí dlí nua a shainaithint, agus rinneadh faireachán orthu i gcomhar le Ranna agus rinneadh an saineolas sna réimsí sin a fhorbairt tuilleadh. Tá an Breatimeacht, an t-idirlíon, na meáin shóisialta agus cosaint sonraí, agus coimeád agus comhroinnt sonraí i measc na samplaí de réimsí inar tháinig saincheisteanna nuálacha gan fasach chun cinn i ndáil le dlí an Aontais Eorpaigh agus i ndáil le dlí na hÉireann. D'fhreastail Abhcóidí Comhairleacha ar sheimineáir inmheánacha agus ar sheimineáir sheachtracha agus ar léachtaí inmheánacha agus ar léachtaí seachtracha maidir leis na réimsí sin.

1.5 *An fheidhm chomhairleach speisialta in OPAS*

- Sa bhliain 2019, thosaigh Rannóg Chomhairleach OPAS ag forbairt a feidhme comhairlí trí chomhaid dlíthíochta a aistriú chuig rannóga dlíthíochta de chuid OPAS. Ach, sa bhliain 2019 arís, d'imir an méadú mór oibre a tharla mar thoradh ar imscrúduithe, binsí agus fiosrúcháin reachtúla, idir nua agus leanúnach, tionchar mór ar chumas na Rannóige díriú ar ról comhairleach.

- Ina measc sin áiríodh seirbhís dlí a sholáthar do chliaint os comhair an Bhinse maidir le Nochtadh, an Choimisiúin Imscrúdúcháin maidir le hÁrais Mháithreacha agus Leanaí agus maidir le Nithe Gaolmhara, an Choimisiúin Imscrúdúcháin (Nithe Áirithe i dtaobh seirbhís míchumais san Oirdheisceart agus nithe gaolmhara), an Choimisiúin Imscrúdúcháin (An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní), líon mór fiosrúchán reachtúil faoi Alt 42 d'Acht an Gharda Síochána 2005 agus an Choimisiúin Imscrúdúcháin (An fhreagairt do ghearáin nó líomhaintí a rinneadh i gcoinne Bill Kenneally maidir le drochúsáid ghnéasach leanaí, agus nithe gaolmhara). De bhreis air sin, tháinig catagóir nua seirbhíse dlí chun cinn maidir le héisteachtaí an Choiste Cúlghairthe Saoránachta. Dá ainneoin sin, cuireadh an obair chomhairleach seo a leanas i gcrích sa bhliain 2019:

    - I gcomhar leis na hAbhcóidí Comhairleacha, tugadh comhairle maidir le raon leathan saincheisteanna amhail cumhachtaí chun tarmligean a dhéanamh, an dlí maidir le tarrthálas, diúscairt dramhaíola, dlí na gcuideachtaí, iomarcaíocht, dlíthe maidir le ceadúnúchán agus díospóidí conartha, mar aon le comhairle a thabhairt i ndáil le forbairt réimsí den dlí lena n-áirítear tionchar an Achta um Chosaint Sonraí 2018 ar idirghníomhaíochtaí an Stáit le saoránaigh.

    - Comhairle i ndáil le próisis mhaoirseachta na gcúirteanna ar an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.

- Feidhmiú thar ceann cliant os comhair éisteachtaí de chuid an Choiste Cúlghairthe Saoránachta.

- Cúnamh a thabhairt do státseirbhísigh ar seirbheáladh *subpoena* orthu in imeachtaí tríú páirtí.

- Comhairle a thabhairt d'Oifig na nOibreacha Poiblí ("OOP") maidir le comhréiteach agus eadráin i ndíospóidí a bhain le maoin, agus do Ranna eile i ndíospóidí a bhain le cúrsaí tráchtála.

- Comhairle a thabhairt don Gharda Síochána agus do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann maidir le cúrsaí reachtúla agus cúrsaí oibríochtúla.

- Comhairle a thabhairt maidir leis an mBeatimeacht agus maidir le tionchar an Bhreatimeachta ar chreataí reachtúla atá ann cheana féin.

- Ina theannta sin, d'fhorbair an Rannóg Chomhairleach caidreamh níos dlúithe le rannóga eile de chuid OPAS i réimse na hoibre comhairlí agus réamhdhlíthíochta chun teacht ar réitigh luath-idirghabhála in éineacht le cliaint, lena n-áirítear feidhmiú mar 'chéad phointe teagmhála' d'Abhcóidí Comhairleacha iasachtaithe i Ranna agus in Oifigí cliaint a bhfuil géarghá acu le comhairle ó OPAS.

- Thug OPAS tús áite d'oiliúint ball foirne, agus do scileanna nua a thabhairt do bhaill foirne, i réimsí tosaíochta amhail cosaint sonraí, agus, chomh maith leis sin, d'fheabhsú scileanna chun freastal ar riachtanais na hoibre i ndáil le fiosrúcháin reachtúla.

1.6 *Leanúint de thacaíocht a thabhairt don chlár iasachta agus den chlár sin a fhorbairt tuilleadh*

- Leanadh d'fhorbairt a dhéanamh ar chaidreamh láidir leis na hAbhcóidí Comhairleacha iasachtaithe agus le haonaid dlí i Ranna. D'fheidhmigh Abhcóide Comhairleach ar leibhéal Rúnaí Chúnta mar chathaoirleach ar scáthghrúpa le haghaidh meithleacha a chuir tacaíocht ar fáil d'Abhcóidí Comhairleacha iasachtaithe; eagraíodh oiliúint agus forbairt ar réimsí a raibh tábhacht ar leith ag baint leo do na dlíodóirí Rialtais inmheánacha; tugadh tacaíocht don líonra Abhcóidí Comhairleacha iasachtaithe agus rinneadh obair leo; agus tuairiscíodh go tráthrialta do Choiste Bainistíochta OAA.

- Bhuail grúpaí Abhcóidí iasachtaithe leis an Ard-Aighne i rith na bliana chun oibriú an chláir iasachta a phlé. Bhuail an tArd-Stiúrthóir ar bhonn tréimhsiúil le hAbhcóidí Comhairleacha iasachtaithe ina n-ionad oibre, agus is amhlaidh a rinne an tAbhcóide Comhairleach a dhéanann maoirseacht ar an gclár iasachta.

- D’fhreastail Abhcóidí Comhairleacha iasachtaithe ar chruinnithe ginearálta de chuid na nAbhcóidí Comhairleacha, ar sheisiúin oiliúna agus ar imeachtaí bainistíochta eolais in OAA agus bhí rochtain acu ar sheirbhísí Leabharlainne agus Fios Gnó OAA de réir mar ba ghá.

- De bhreis ar chomhoibriú le hAbhcóidí Comhairleacha laistigh de OAA i ndáil le seirbhís chomhairleach dlí den chaighdeán is airde a sholáthar do Ranna cliaint agus do ghníomhaireachtaí cliaint, thug Abhcóidí Comhairleacha comhairle freisin i ndáil le roinnt ábhar suntasach lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

    - An tAcht um Ascnamh Urrús Rannpháirteach 2019 lena n-éascaítear ascnamh urrús rannpháirteach ó chóras socraíochta CREST, ar córas socraíochta é atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe, chuig taisclanna malartacha lárnacha urrús atá lonnaithe sa Aontas Eorpach más gá sin mar thoradh ar an mBreatimeacht.

    - Comhairle dlí maidir le hAonad Comhairleach Comhshaoil neamhspleách a bhunú, ar bhonn riaracháin, laistigh den Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil chun measúnachtaí comhshaoil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí beartaithe taiscéalaíochta ola agus gáis a bhfuil gá le cead Aireachta ina leith agus i gcás ina dtiocfadh coinbhleacht leasa thoirmeasctha eile chun cinn thairis sin.

    - Comhairle dlí d’oifigigh atá ar fostú leis an gCoimisiún Eorpach i ndáil le Treoir AE nua a fhorbairt maidir le cosaint sceithirí (Treoir (AE) 2019/1937 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais, ar Treoir í a glacadh ar an 23 Deireadh Fómhair 2019).

    - Comhairle dlí maidir le Ciste reachtúil Gníomhaithe ar son na hAeráide a bhunú chun maoiniúchán a chur ar fáil i ndáil le tionscadail, tionscnaimh agus taighde lena bhféachtar le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú sa Stát, nó le tacú leis sin, lena n-áirítear tionscadal a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh, agus maoiniúchán le fáil ó chuid de na fáltais ó thobhach oiriúnaithe ar tháirgí peitriliam.

1.7 *Seirbhís fheabhsaithe dlí AE a sholáthar do Ranna agus d’Oifigí cliaint*

- Rinne Coiste Stiúrtha maidir le Dlí AE formhaoirseacht ar roinnt tionscadal suntasach amhail athbhreithniú ar rannpháirtíocht Oifig an Ard-Aighne i bhforbairt reachtaíocht AE agus i dtrasuí na reachtaíochta sin; athbhreithniú ar rannpháirtíocht na hOifige i ndlíthíocht os comhair CBAE; caidreamh feabhsaithe le Ranna ar nithe a bhaineann le dlí an AE; oideachas, oiliúint agus comhroinnt eolais san Oifig maidir le nithe a bhaineann go sonrach le dlí AE a chur ar fáil; agus rianú a dhéanamh, ar dhóigh áisiúil, ar shaincheisteanna tábhachtacha i ndáil le AE, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais na nAbhcóidí Comhairleacha ar iasacht i dtaca leis sin de.

Rinneadh Lámhleabhar Dlí do Ranna agus d'Oifigí Rialtais maidir le Gnéithe de Dhlí an Aontais Eorpaigh a ullmhú do Ranna agus scaipeadh ar Ranna é i Meitheamh 2019.

1.8 *Alt 7 den Acht um Ionchúiseamh i gCionta 1974 agus abhcóidí seachtracha a áirithiú*

- De réir bheartas OAA maidir le painéil abhcóidí seachtracha a athbhreithniú gach bliain, uasdátaíodh na painéil sa bhliain 2019.

Sprioc Ardleibhéil 2: Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas: Sainseirbhís dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas

Samplaí de reachtaíocht a dhréachtaigh ODP sa bhliain 2019:

Reachtaíocht a dréachtaíodh i ndáil leis an mBreatimeacht

- *An tAcht um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (Forálacha Iarmhartacha) 2019*
  San Acht Omnibus sin, cuimsíodh forálacha chun leanúnachas seirbhísí agus socruithe sa Ríocht Aontaithe a éascú i gcás Breatimeacht mí-ordúil a bheith ann, agus déileáiltear le réimsí ilchineálacha lena n-áirítear cánachas, seirbhísí airgeadais, cúram sláinte, leictreachas, leas sóisialach, eiseachadadh agus árachas.

- *An tAcht um Shláinte agus Tacaíocht Cúraim Leanaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2019*
  Leis an Acht seo, déantar foráil, i gcás Breatimeacht mí-ordúil a bheith ann, maidir le cúiteamh a thabhairt do chónaitheoirí cáilithe i dTuaisceart Éireann i ndáil le costais riachtanacha liachta arna dtabhú san Aontas Eorpach nó sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó san Eilvéis, déantar foráil maidir le saoránaigh Bhriotanacha a áireamh mar chatagóir daoine atá cáilithe chun iarratas a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais faoin Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí ar an mbonn céanna le saoránaigh Éireannacha.

- *An tAcht um an Dlí Teaghlaigh 2019*
  Rinneadh foráil, *inter alia,* i gcás Breatimeacht mí-ordúil a bheith ann, maidir le haitheantas a thabhairt do cholscarthaí, d'idirscarthaí dlíthiúla agus do neamhnithe pósta áirithe arna ndeonú sa Ríocht Aonaithe nó i nGiobráltar.

- *An tAcht um Fhorbairt Tionscail (Leasú) 2019*
  Leathnaíodh cumhacht Fhiontraíocht Éireann chun deontais agus iasachtaí a thabhairt agus chun scaireanna a cheannach chun críocha scéimeanna nua i leith iasacht a thabhairt ar scéimeanna a bhféadfadh gá a bheith leo chun déileáil le himpleachta an Bhreatimeachta ar thionscail áirithe.

- *An tAcht um Ascnamh Urrús Rannpháirteach 2019*
  Déantar socrú maidir leis an teagmhas go bhféadfadh córas ionaid a bheith ag teastáil, ar an 30 Márta 2021, nó dá éis, in ionad an chórais socraíochta urrús ar a dtugtar "CREST" de ghnáth.

Reachtaíocht shuntasach eile

- *An tAcht fán mBinse um CervicalCheck 2019*
  Déantar socrú maidir le cur i bhfeidhm na moltaí atá ann sa Tuarascáil maidir le Córas Malartach chun Déileáil le hÉilimh a Eascraíonn as CervicalCheck agus déantar socrú maidir le bunú an Bhinse um CervicalCheck.
- *An Bille Oideachais (Cairt Mac Léinn agus Tuismitheoirí) 2019*
  Leagtar amach creat a chuirfidh scoileanna i bhfeidhm i ndáil lena dteagmháil le mic léinn agus le tuismitheoirí trína cheangal ar scoileanna cairteacha do mhic léinn agus do thuismitheoirí a ullmhú, a fhoilsiú agus a chur i ngníomh de réir treoirlínte Aireachta agus cumhachtaí a bheith ag an Aire ordachán a eisiúint i gcás ina mainnítear na hoibleagáidí a chomhlíonadh.
- *Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil) 2020*
  Bunaítear Rialálaí chun formhaoirseacht a dhéanamh ar rialachas éifeachtach, ar bhainistíocht airgeadais agus ar fheidhmíocht comhlachtaí tithíochta ceadaithe trí shásra cláraithe ceadaithe caighdeán agus imscrúdaithe, agus ar chosaint sócmhainní tithíochta.
- *An tAcht um Chomhairle na mBreithiúna 2019*
  Déantar socrú maidir le bunú Chomhairle na mBreithiúna agus coistí éagsúla de chuid na Comhairle sin chun ardchaighdeáin iompair a chur chun cinn agus a choimeád ar bun i measc breithiúna agus ar mhaithe le hoideachas leanúnach do bhreithiúna, ar mhaithe le gearáin i leith mí-iompar breithiúínach a imscrúdú agus ar mhaithe le treoirlínte a ghlacadh maidir le hiompar breithiúnach, gearradh pianbhreitheanna agus dámhachtainí díobhála pearsanta.
- *Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2019*
  Leasaítear agus leathnaítear Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn le haghaidh chuspóirí oifigiúla an Stáit, agus foráil á déanamh i leith oibleagáidí feabhsaithe ar chomhlachtaí poiblí maidir lena bplé leis an bpobal. Déantar socrú maidir le bunú an Choiste Chomhairligh um Sheirbhísí Gaeilge agus maidir le Plean Náisiúnta a ullmhú maidir le méadú a dhéanamh ar na seirbhísí poiblí atá ar fáil trí mheán na Gaeilge.
- *An Bille um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Sábháilteachta Othair Infhógartha) 2019*
  Déantar socrú maidir le soláthar éigeantach faisnéise d'othair i gcás ina dtarlaíonn teagmhas sábháilteachta othair de chineál sonrach nuair a chuirtear cóireáil leighis ar fáil don othar. Foráiltear go ndéanfaidh an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte caighdeáin a leagan síos, agus go ndéanfaidh sé faireachán ar na caighdeáin sin, faoi Acht Sláinte 2007 a mhéid a bhaineann le hospidéil phríobháideacha.

- *An tAcht um an Ochtú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Scaoileadh ar Phósadh) 2019*
  Ba Bhille Comhaltaí Príobháideacha é seo a ndearnadh leasuithe Rialtais air chun leasú a dhéanamh ar Airteagal 41 den Bhunreacht chun deireadh a chur leis an gceanglas á rá nach mór do pháirtithe i bpósadh a bheith ag maireachtáil ar leithlithe óna chéile ar feadh tréimhse áirithe chun colscaradh a fháil (rud a ndearnadh foráil ina leith ina dhiaidh sin i reachtaíocht phríomha) agus chun an foráil atá ann san Airteagal sin a chur in ionad na forála maidir le haitheantas a thabhairt do cholscarthaí coigríche.

Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 2 de chuid an Ráitis Straitéise

2.1 *Dréachtreachtaíocht a ullmhú*

- Dhréachtaigh ODP reachtaíocht phríomha agus reachtaíocht thánaisteach chun éifeacht a thabhairt don bheartas reachtach a bhí leagtha amach ag an Rialtas, agus cuireadh an obair sin i gcrích i gcomhréir leis an mBunreacht agus le hoibleagáidí AE an Stáit. D'áirigh sé sin méid mór reachtaíochta casta inar tugadh aghaidh ar raon leathan saincheisteanna a bhain leis an mBreatimeacht.
- Dhréachtaigh ODP líon suntasach Billí Rialtais i rith na bliana 2019. Foilsíodh 40 Bille Rialtais (agus tá siad sin liostaithe in Iarscríbhinn A), lena n-áirítear Bille chun an Bunreacht a leasú, agus achtaíodh 48 mBille Rialtais (agus tá siad sin liostaithe in Iarscríbhinn B). Ina theannta sin, dhréachtaigh ODP leasuithe Chéim an Choiste agus Chéim na Tuarascála i ndáil le Billí Rialtais.
- Cé nach ndréachtaíonn ODP Billí Comhaltaí Príobháideacha, dhréachtaigh an Oifig leasuithe Chéim an Choiste agus Chéim na Tuarascála i ndáil le roinnt Billí den sórt sin a thairg an tAire iomchuí den Rialtas, le ceadú ón Rialtas, le linn na Billí sin a phróiseáil trí Thithe an Oireachtais. Sa bhliain 2019, rinneadh sé Bhille Comhaltaí Príobháideacha, ar dhréachtaí ODP leasuithe ina leith, a achtú (agus tá siad sin liostaithe in Iarscríbhinn C), lena n-áirítear Acht lena leasaítear an Bunreacht.
- Dhréachtaigh ODP 235 ionstraim reachtúla a rinneadh sa bhliain 2019, lena n-áirítear 57 n-ionstraim reachtúla a bhain le bearta AE a thrasuí isteach i ndlí na hÉireann.

2.2 *Béim a leagan ar an tábhacht a ghabhann le cloí le nósanna imeachta agus le tograí beartais atá forbartha go hiomlán*

- I rith na bliana 2019, lean ODP de Ranna a éascú trí reachtaíocht a raibh géarghá léi a dhréachtú agus, ag an am céanna, leanadh de bheith ag cur i gcuimhne do Ranna go raibh sé tábhachtach cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Lámhleabhar Comh-Aireachta chun a chumasú don ODP reachtaíocht a chur ar fáil laistigh den amscála riachtanach. Ina theannta sin, lean an ODP de bheith ag cur ina luí ar Ranna cé chomh tábhachtach atá sé tograí beartais a cheapadh agus a fhorbairt go hiomlán sula lorgaítear seirbhísí an ODP.

- Meabhraíodh do Ranna an ról lárnach atá ag Coiste Reachtaíochta an Rialtais maidir le tosaíochtaí reachtaíochta an Rialtais a leagan síos agus a fhormhaoirsiú agus ról an Choiste sin maidir lena chinntiú go bhfaighidh an Rialtas an tairbhe is mó agus is féidir ó na seirbhísí a sholáthraíonn an ODP chun Clár Reachtaíochta an Rialtais a chur i bhfeidhm.

2.3 *Caidreamh le Ranna Rialtais*

- Sa bhliain 2019, lean ODP de bheith i dteagmháil le Ranna ag gach céim den phróiseas dréachtaithe d'fhonn éifeachtúlacht níos fearr a bhaint amach i dtaca lena n-idirghníomhaíocht le ODP. Tugadh spreagadh do Ranna comhairle a ghlacadh le hAbhcóidí Comhairleacha iasachtaithe ag céim luath i bhforbairt tograí reachtaíochta agus le haon Ranna eile a bhféadfadh na tograí difear a dhéanamh dá gcúraimí. Lean an ODP de chaidreamh a bheith aici le Ranna chun tacú lena dtionscnaimh oiliúna maidir leis an bpróiseas reachtaíochta. Bhí ODP i dteagmháil go dlúth le Ranna i ndáil le reachtaíocht a raibh gá léi chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a d'éirigh as an mBreatimeacht. Rinneadh faireachán lárnach ar an dul chun cinn maidir le hobair dréachtaithe a bhain leis an mBreatimeacht ar bhonn seachtainiúil ag cruinnithe Ard-Rúnaithe agus ag cruinnithe an Ghrúpa Oifigeach Sinsearach, ar cruinnithe iad sin ar fhreastail an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte orthu.

2.4 *Caidreamh le Coiste Reachtaíochta an Rialtais*

- I rith na bliana 2019, lean ODP de pháirt ghníomhach a ghlacadh i gCoiste Reachtaíochta an Rialtais, agus de thuarascálacha tráthrialta a sholáthar maidir le dul chun cinn ar dhréachtú Billí ar an Liosta Billí Tosaíochta. Chumasaigh an tuairisciú sin don Choiste faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Chlár Reachtaíochta an Rialtais. Mar thoradh ar rannpháirtíocht leanúnach an ODP in obair an Choiste, soláthraíodh sásra ríthábhachtach i leith idirghabháil a dhéanamh idir tosaíochtaí reachtaíochta iomaíocha Ranna. Ina theannta sin, cuireadh eolas in iúl go tráthrialta don Ard-Aighne (ar comhalta é/í de Choiste Reachtaíochta an Rialtais agus a fhreastalaíonn ar chruinnithe den Choiste) maidir le dul chun

cinn dréachtreachtaíochta agus saincheisteanna dlí a tháinig chun cinn i rith an phróisis dréachtaithe.

2.5 *Caidreamh leis na hAbhcóidí Comhairleacha*

- Lean ODP de bheith ag comhoibriú agus ag dul i gcomhairle le hAbhcóidí Comhairleacha trí bhíthin plé neamhfhoirmiúil agus iarrataí i scríbhinn ar chomhairle maidir le saincheisteanna dlí a tháinig chun cinn le linn reachtaíocht a dhréachtú.

- I rith na bliana 2019, lean Abhcóidí Comhairleacha agus Dréachtóirí Parlaiminte dá n-athbhreithniú ar na nósanna imeachta i ndáil leis an idirghníomhaíocht idir Abhcóidí Comhairleacha agus Dréachtóirí Parlaiminte, agus ar a bhfreagrachtaí faoi seach, le linn próiseas Bille Rialtais a chur i gcrích.

2.6 *Nósanna imeachta maidir le Deimhniú Cáilíochta*

- Lean Dréachtóirí Parlaiminte de nósanna imeachta Deimhnithe Cáilíochta a chur i bhfeidhm i rith na bliana 2019 agus é mar aidhm acu cáilíocht agus éifeachtacht dhlíthiúil dréachtreachtaíochta a choimirciú agus, ag an am céanna, comhroinnt saineolais agus léargas a éascú. Is é atá i gceist leis na nósanna imeachta ná athbhreithniú ar gach dréacht-Bhille ar leith ag beirt Dréachtóirí Parlaiminte de ghnáth (de bhreis ar an Dréachtóir Parlaiminte a dhréachtaigh an Bille) agus ag Abhcóide Comhairleach sula gcomhaontaítear téacs deiridh an Bhille leis an Roinn treorach.

- Lean ODP de chóras an Bhinse Oibre Reachtaíochta a úsáid chun téacs Billí agus leasuithe ar Bhillí a ullmhú i gcomhar le hOifig na mBillí i dTithe an Oireachtais. I rith na bliana 2019, eagraíodh roinnt seisiún oiliúna maidir le córas an Bhinse Oibre Reachtaíochta.

Sprioc Ardleibhéil 3: Seirbhís dlíthíochta a sholáthar lena seachadtar torthaí optamacha dár Ranna agus dár nOifigí cliaint

Samplaí de sheirbhísí dlíthíochta a chuir an Oifig ar fáil sa bhliain 2019:

Athbhreithniú Breithiúnach

I.X. v. An Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta agus an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais
Cás tábhachtach inimirce inar sheas an Chúirt Uachtarach le conraitheolirí neamhspleácha nó comhaltaí painéil ar conradh a úsáid chun cúnamh a thabhairt d'oifigigh chosanta idirnáisiúnta le linn measúnacht a dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta. Bhí tuairim is 150 cás ann a raibh rianú á dhéanamh acu ar an gcaingean seo.

Cairde Chomhshaol na hÉireann v. Éire agus an tArd-Aighne
Dhiúltaigh an Ard-Chúirt do dhúshlán in aghaidh Phlean Náisiúnta Maolúcháin Aeráide an Rialtais á rá gur ionstraim pholasaí a bhí i gceist leis an bPlean agus nach raibh sé inbhreithnithe agus nach bhféadfaí aon fhaoiseamh dearbhaitheach a dheonú ar bhonn ceart líomhnaithe bunreachtúil "*ar chomhshaol atá i gcomhréir le dínit an duine*". Tá achomharc ar siúl sa Chúirt Uachtarach maidir leis an gcás seo.

Ceartas Coiriúil agus an Barántas Gabhála Eorpach

An tAcht Fíneálacha (Íoc agus Gnóthú) 2014
Ba é a bhí in ***Owens agus Dooley v. SIP agus Daoine Eile*** ná breithiúnas ón gCúirt Uachtarach maidir le feidhm chúlghabhálach a bheith ag an Acht. Bhain ***SIP v. Claudia Fogarty*** (Uamadh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais mar fhóghrapháirtí) le cinneadh a dhéanamh i dtaobh an gá do SIP nó d'ionchúisitheoir eile freastal a dhéanamh sa chúirt i leith imeachtaí faoi alt 7 den Acht (gnóthú nó forfheidhmiú na fíneála) agus chinn an Chúirt nach raibh gá le freastal.

Wayne Ellis v. An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Éire agus an tArd-Aighne
Chinn an Chúirt Uachtarach go raibh foráil na reachtaíochta arm tine a bhain le pianbhreith éigeantach íosta neamhbhunreachtúil.

Dhéileáil an Oifig le líon mór iarratas maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach a bhí os comhair na gcúirteanna i rith na bliana 2019, lena n-áirítear poncanna suntasacha dlí i gcásanna amhail ***Harrison*** (iarraidh ón Ríocht Aontaithe a bhain le cúisimh mar gheall ar gháinneáil ar dhaoine), ***Downey*** (iarraidh ón Ríocht Aontaithe a bhain le cúisimh mar gheall ar dhúnmharú agus le pléascáin), ***Bailey*** (iarraidh ón bhFrainc a bhain le cúiseamh mar gheall ar dhúnmharú) agus ***Celmer*** (iarraidh ón bPolainn inar breithníodh athruithe ar chóras breithiúnach na Polainne). Rinne an Stát idirghabháil i roinnt cásanna CBAE a bhain le léiriú an Chinnidh Réime maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach.

Lean an Breatimeacht de bheith ina ábhar dúshláin ar leith agus rinneadh cuid mhór oibre pleanála chun íoslaghdú a dhéanamh ar aon suaitheadh a d'fhéadfadh éirí as an Ríocht Aontaithe a bheith ag tarraingt siar as córas an Bharántais Gabhála Eorpaigh i gcás Breatimeacht mí-ordúil a bheith ann.

Sonraí a Choimeád

Dwyer v. Coimisinéir an Gharda Síochána agus Daoine Eile
Rinne an Chúirt Uachtarach achomharc an Stáit in aghaidh bhreithiúnas na hArd-Chúirte a éisteacht i mí na Nollag 2019. Bhí dúshlán tugtha ag an ngearánaí in aghaidh fhorálacha de chuid an Achta Cumarsáide (Sonraí a Choimeád) 2011 á líomhnú nár cheart sonraí a bailíodh óna theileafón a úsáid le linn a thrialach sa bhliain 2015 maidir le dúnmharú. Forchoimeádadh breithiúnas agus tugadh breithiúnas i bhFeabhra 2020 nuair a fógraíodh cinneadh chun tarchur a dhéanamh chuig CBAE.

Lean an Stát den idirghabháil i roinnt cásanna os comhair CBAE i dtaca le léiriú dlíthe maidir le coimeád sonraí (***Privacy International*** C-623/17, ***La Quadrature du Net*** C-511/18, ***Ordre des Barreaux*** C-520/18 and ***HK*** C-746/18).

Caingne Iomlánacha / Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh

Clarke agus Daoine Eile v. Éire agus an tArd-Aighne

Ba iad na gearánaithe ceathrar pinsinéirí a bhí ina n-ionadaithe thar ceann tuairim is 500 duine leasmhar ar laghdaíodh a bpinsin de shuimeanna suas go 20% tar éis thabhairt isteach an Achta um Aerfoirt Stáit (Grúpa na Sionainne) 2014 lenar ceadaíodh laghduithe den sórt sin ós rud é, go páirteach go raibh easnamh ann i leith Scéim Aoisliúntais Aerlínte na hÉireann. Bhain an cás le dúshláin in aghaidh an Achta sin á rá gurbh ionann é agus ionsaí neamhbhunreachtúil ar chearta maoine agus gurbh ionann é agus sárú ar Threoir 2003/41/CE. Forchoimeádadh an breithiúnas agus tá sé ar feitheamh fós.

Fitzpatrick and Daly v. An Bord Pleanála, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus and Apple Distribution International

Dhíbh an Chúirt Uachtarach an t-achomharc sa chás a bhain le hionad sonraí Apple á rá gurbh é a bhí san oibleagáid atá ar an mBord Pleanála faoin Treoir maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta (Treoir 2011/92/AE) ná measúnacht a dhéanamh ar an iarratas a bhí roimhe a mheas agus ní céimeanna eile ina dhiaidh i máistirtphlean.

Maurice McCabe

Mar thoradh ar eadráin rathúil le linn na n-imeachtaí Ardchúirte go léir a thionscain Maurice McCabe in aghaidh an Stáit agus Gníomhaireachtaí Stáit, socraíodh aon cheann déag san iomlán de na himeachtaí.

Cásanna maidir le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

Éire v. An Coimisiún Eorpach
Rinne an Chúirt Ghinearálta dúshlán ag Éirinn i leith chinneadh an Choimisiúin Eorpaigh á rá gur dheonaigh an Stát Státchabhair €13 bhilliún do chuideachta teicneolaíochta, Apple, a éisteacht i Meán Fómhair 2019.

C-154/18 Horgan agus Keegan v. An tAire Oideachais agus Scileanna
Mar chuid de Bhuiséad 2011, chuir an Rialtas laghdú 10% i bhfeidhm i ndáil le pá na n-iontrálaithe nua go léir sa tseirbhís phoiblí. Thionscain grúpa múinteoirí imeachtaí á líomhain gurbh ionann sin agus idirdhealú neamhdhíreach ar fhoras aoise ó tharla go raibh 70% de na múinteoirí a earcaíodh sa bhliain 2011 faoi bhun 25 bliana d'aois. Rinne CBAE measúnacht i dtaobh arbh ionann an beart agus sárú ar Threoir 2009/78/CE agus cinneadh nach ndearnadh an laghdú ar thuarastal a chur i bhfeidhm ach amháin ar bhonn an dáta earcaíochta mar iontrálaí nua. Ós rud é gur cuireadh an laghdú sin i bhfeidhm beag beann ar aois duine, ní raibh aon déileáil difriúil ann ar fhoras aois an duine sin.

An Coimisiún Eorpach v. Éire
Imeachtaí mar gheall ar shárú a thionscain an Coimisiún Eorpach in aghaidh na hÉireann faoi Airteagal 260(3) CFAE mar gheall ar mhainneachtain líomhnaithe ag Éirinn bearta trasuite a chur in iúl i leith an Cheathrú Treoir maidir le Sciúradh Airgid (Treoir (AE) 2015/849). Tharla an éisteacht i mí na Nollag 2019.

Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 3 de chuid an Ráitis Straitéise

3.1 *Bainistíocht Chás Réamhghníomhach – samplaí:*

- Bunaíodh an Fóram maidir leis an Dlí Pleanála agus Comhshaoil sa bhliain 2018 mar fhreagairt ar mhéadú suntasach ar an líon imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh i réimse an dlí pleanála agus comhshaoil. Cuimsíonn an Fóram ionadaithe ó OPAS, ó OAA agus ó na ceithre Roinn dá ndéanann na dúshláin seo difear agus tugann sé deis chun eolas agus faisnéis a chomhroinnt i ndáil le treochtaí atá ag teacht chun cinn d'fhonn cur chuige uile-Rialtais a chinntiú maidir le torthaí cásanna. Sa bhliain 2019, lean an réimse seo oibre de bheith ag fás agus tá an fhoireann ag leanúint de scileanna nua a fháil sa réimse seo chun freastal ar riachtanais Ranna.

- Grúpa Geallsealbhóirí Airteagal 40: Mar thoradh ar imeachtaí *habeas corpus* ar bhonn Airteagal 40.4.2° den Bhunreacht, cumasaítear do dhuine atá á choinneáil nó á coinneáil dúshlán a dhéanamh in aghaidh dhlíthiúlacht na coinneála sin. Mar fhreagairt ar an líon méadaitheach na ndúshlán '*Airteagal 40*", cuireadh Grúpa Geallsealbhóirí ildisciplíne, ilghníomhaireachta Airteagal 40 ar bun sa bhliain 2018 chun treochtaí athfhillteacha maidir leis na hiarratais sin a shainaithint ar mhaithe le feabhas a chur ar nósanna imeachta agus ar mhaithe le costais a laghdú. Tá an Oifig ina ball suntasach den Ghrúpa ina n-áirítear

geallsealbhóirí amhail an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Garda Síochána, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, an tSeirbhís Chúirteanna agus SIP. Mar thoradh ar an gcomhoibriú leantach, ar an mbainistíocht straitéiseach cásanna agus ar an gcumarsáid idir na páirtithe Stáit go léir atá bainteach leis an nGrúpa seo, tháinig laghdú eile sa bhliain 2019 ar an líon imeachtaí Airteagal 40 a bhí á dtionscnamh in aghaidh comhlachtaí Stáit. Ba chabhair é an laghdú sin i ndáil le costais is iníoctha ag an Stát a laghdú. Leanann an Grúpa seo de bheith ag teacht le chéile ar bhonn ráithiúil.

- Caidreamh táirgiúil leis an Ard-Chúirt: Tar éis Treoir Chleachtais HC81 a bhain le cásanna inimirce agus tearmainn a thabhairt isteach i mí na Nollag 2018, rinneadh dúshláin éagsúla in aghaidh fhorálacha de chuid na Treorach Cleachtais. I rith na bliana 2019, mar thoradh ar an treoir chleachtais, tháinig laghdú tuairim is trian ar an líon athbhreithnithe breithiúnacha a tionscnaíodh. Cé go bhfuil laghdú tagtha ar an líon cásanna den sórt sin, tá na cásanna ag éirí níos casta.

- I mí Iúil 2019, thug meitheal oibre a bunaíodh chun modhanna a shainaithint chun feabhas a chur ar chaidreamh le cliaint a dtuarascáil do Bhord Bainistíochta OPAS. Sa tuarascáil sin, a ullmhaíodh tar éis taighde agus comhairliúchán forleathan a dhéanamh laistigh den Oifig agus laistigh den ghairm ghinearálta dlí, moladh ról oifigigh caidreamh cliaint a chruthú i ngach rannóg dlí de chuid OPAS, mar aon le treoirlínte teagmhála a ullmhú. Cuireadh tús le cur i bhfeidhm na tuarascála sa bhliain 2019, lena n-áirítear oifigigh chaidreamh cliaint a cheapadh.

3.2 *Úsáid a bhaint as taithí agus eolas*

- Chinntigh OPAS go ndearnadh an t-eolas agus an taithí a fuarthas le linn cásanna a sheoladh a úsáid mar fhoinse faisnéise le haghaidh na straitéise i gcásanna den tsamhail chéanna. Trí úsáid a bhaint as a córais bhainistíochta eolais, ceapadh comhairle thábhachtach lena húsáid amach anseo. Rinneadh toradh cásanna suntasacha agus toradh cásanna ba dhíol spéise trasearnála a chur in iúl don fhoireann lena chinntiú go bhféadfaí an t-eolas sin a úsáid ar mhaithe le cliaint le linn dlíthíocht a sheoladh.

- I gcomhar le Ranna, shainaithin OPAS dúshláin dlí athfhillteacha in aghaidh reachtaíochta agus tugadh spreagadh do Ranna cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh i ndáil le leasú reachtaíochta a chur ar aghaidh, nuair is cuí sin, d’fhonn deireadh a chur leis an riosca go mbeadh tuilleadh dúshlán ann.

- Trí theagmháil a dhéanamh le geallsealbhóirí, neartaigh OPAS nósanna imeachta agus próisis trí bhíthin athbhreithnithe iarghnímh agus trí aiseolas agus comhairle a thabhairt do chliaint ar mhaithe le laghdú a dhéanamh ar dhúshláin dhlíthiúla nós imeachta gan ghá in aghaidh ghnó an Rialtais.

Sprioc Ardleibhéil 4: Seirbhís dlí réiteach-bhunaithe a sholáthar faoi cheannas OPAS mar thacaíocht i leith chuspóirí idirbheartaíochta agus gnó ár Ranna cliaint a chur i bhfeidhm

Samplaí de sheirbhísí idirbheartaíochta a chuir an Oifig ar fáil sa bhliain 2019: Rannán Maoine Stáit OPAS

Díolacháin agus Ceannacháin

- Tailte a fháil i mBré agus i Ros Láir, is é sin, tailte a fuair Oifig na nOibreacha Poiblí mar chuid de straitéis an Bhreatimeachta d'fhonn an bonneagar a mbeidh gá leis i ndáil leis an mBreatimeacht a chur ar fáil.
- Fáil láithreán scoile, ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, i suíomhanna straitéiseacha ar fud an Stáit mar chuid de Chlár Tógála Scoileanna na Roinne (lena n-áirítear an Clár Mearthógála), agus láithreáin mhóra atá suite i mBaile na nGabhar, Baile Átha Cliath, agus in Moore Abbey, Mainistir Eimhín, agus aistrithe ion-Stáit ó Ranna eile a áireamh.
- Fáil portach ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, mar chuid dá sainordú caomhantais chun gnáthóga nádúrtha, de chineál tearc agus bagartha, a chosaint.
- Fáil tailte ar fud an Stáit ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra lena n-áirítear tailte a cheannach ag Eastáit Curraghmore, Contae Chill Mhantáin, chun Páirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin a leathnú agus tailte a cheannach sna Tóimí, Lios an Phúca, Contae Chiarraí, ar tailte iad a bhfuil gá leo chun Páirc Náisiúnta Chill Airne a leathnú.

Léasanna agus Ceadúnais

- Comhairle a thabhairt d'Aonad Breatimeachta OOP maidir le léasanna agus ceadúnais éagsúla d'fhonn ceanglais talún agus bonneagair a bhaineann le hullmhacht le haghaidh an Bhreatimeachta a chomhlíonadh.
- Fáil leasanna léasachta agus ceadúnais ag OOP chun freastal ar riachtanais leanúnacha i leith spásanna éagsúla inligthe mar chóiríocht do Ranna agus d'Oifigí.
- Sainchomhairle mhuirí a thabhairt i leith bhainistíocht Lárionad Cuan Iascaigh ainmnithe agus riaradh an imill trá ag an Stát

Urrúis Stáit

- Muirir a ullmhú agus a chlárú chun deontais do chomhlachtaí a fhaigheann tairbhe faoi Chláir Mhaoinithe Chaipitiúil an Rialtais maidir le tionscadail spóirt, ealaíon agus cultúir.
- Sainchomhairle agus seirbhísí dlí a sholáthar i leith maoin a chineachann chun an Stáit de bhun an Achta Maoine Stáit 1954 agus an Achta Comharbais 1965.
- Sainchomhairle a thabhairt don Údarás Clárúcháin Maoine ("ÚCM") maidir le clárú teidil.
- Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann ÚCM i ndlíthíocht a thagann chun cinn i ndáil le nithe a bhaineann le clárú teidil.

Samplaí de sheirbhísí idirbheartaíochta a chuir an Oifig ar fáil sa bhliain 2019: Rannóg Conarthaí Tráchtála OPAS

Comhairle maidir le hIdirbhearta Soláthair Phoiblí agus maidir leis an Dlí Tráchtála

- Creat a bhunú le haghaidh Tionscadail Oibreacha Caipitiúla a bhaineann le dearadh agus tógáil bunscoileanna agus meánscoileanna ar fud an Stáit.
- Tacaíocht dlí a thabhairt maidir le Réitigh TF éagsúla a fháil don Stát amhail an Réiteach i leith Líonra Limistéar Stórála.
- Comhairle maidir le seirbhísí a fháil chun próiseáil íocaíochtaí coimirce sóisialaí do shaoránaigh a éascú.
- Comhairle a thabhairt do Ranna maidir leis na himpleachtaí conartha a bhainfeadh le Breatimeacht mí-ordúil.
- Comhairle maidir le Creat-Chomhaontú i leith Bogearraí le haghaidh Uathoibriú Róbatach Próiseas.

Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 4 de chuid an Ráitis Straitéise

4.1 *Cumarsáid agus comhoibriú éifeachtach le Ranna agus Oifigí cliaint d'fhonn soláthar na dtorthaí is fearr a chinntiú*

- Trí sheirbhís idirbheartaíochta dlí a sholáthar do Ranna agus d'Oifigí cliaint, chinntigh OPAS go mbeadh cumarsáid agus comhoibriú éifeachtach ann, go háirithe i ndáil leis na nithe seo a leanas:
  - cheap an Rannán Maoine Stáit agus an Rannóg Conarthaí Tráchtála araon baill foirne chun feidhmiú mar oifigigh ainmnithe caidreamh cliaint d'fhonn feabhas a chur ar bhainistiú agus éascú caidreamh cliaint, tosaíochtaí oibre agus comhoibriú le comhghleacaithe i gcomhthéacs forleathan na n-ábhar a bhaineann le cliaint ar fud OPAS;
  - bhí OPAS i dteagmháil go tráthrialta le príomhchliaint chun athbhreithniú a dhéanamh ar nithe leanúnacha agus chun pleanáil straitéiseach a dhéanamh i gcomhair tionscadail a bheadh ag teacht chun cinn agus bhuail siad go tráthrialta le hoifigigh threorach agus le hAbhcóidí Comhairleacha iasachtaithe, de réir mar ba ghá, i Ranna cliaint ar fud na bliana.

4.2 *Seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar*

- Chinntigh OPAS go soláthrófaí seirbhís ardchaighdeáin do Ranna agus d'Oifigí cliaint, agus go háirithe:
  - tugadh cúnamh do chliaint i ndáil le réitigh phraiticiúla a fhorbairt chun déileáil lena ndúshláin ghnó, mar shampla:
    - chuir an Rannóg Conarthaí Tráchtála sainchláir oiliúna ar fáil do bhaill foirne na hOifige um Sholáthair Rialtais ("OSR") agus do Ranna Cliaint eile ar cláir oiliúna iad

a bhain le comhlíonadh an dlí a bhaineann le soláthar poiblí agus comhlíonadh Rialachán Ginearálta AE 2016/679 maidir le Cosaint Sonraí;
    - thug an Rannán Maoine Stáit cúnamh i ndáil le láithreán a raibh tábhacht straitéiseach náisiúnta acu a fháil agus i ndáil leis an gcaibidlíocht i leith léasanna agus ceadúnais a fháil chun leathnú nó athshlánú a dhéanamh ar phunann chóiríochta an Stáit;

- gabhadh do chlár gníomhach bainistíochta eolais chun speisialachais atá ann cheana a leathnú agus chun a chinntiú go bhfuil gach ball foirne cothrom le dáta maidir leis na forbairtí is déanaí;

- cinntíodh gur baineadh leas as an oilteacht chuí i ndáil le seirbhísí leathana agus go ndearnadh bainistíocht chuí ar idirbhearta conspóideacha, mar shampla:

    - chomhoibrigh an Rannán Maoine Stáit go gníomhach, thar ceann ÚCM agus dreamanna eile, le comhghleacaithe i rannóga dlíthíochta OPAS, le hAbhcóidí Comhairleacha agus le habhcóidí seachtracha maidir le cúrsaí dlíthíochta;
    - d'oibrigh an Rannóg Conarthaí Tráchtála go dlúth le Rannóg Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh agus le Rannóg Tráchtála agus Bunreachta OPAS i gcásanna a bhain le soláthar poiblí;

- comhsheasmhacht agus sruthlíniú a chur chun cinn i ngach idirbheart d'fhonn éifeachtúlacht a spreagadh le linn seirbhísí a sholáthar agus comhairle a thabhairt maidir le forbairt an bheartais phoiblí, mar shampla, maidir leis an méid seo a leanas.

    - rinne Rannóg Urrús Stáit an Rannáin Maoine Stáit oiliúint saincheaptha a dhearadh agus chuir sí an oiliúint sin ar fáil do Ranna cliaint chun feabhas a chur ar chur i gcrích Clár Maoiniúcháin Chaipitiúil i ndáil le spóirt, ealaíona agus cultúr;
    - thug an Rannóg Conarthaí Tráchtála comhairle do OSR maidir lena mhúnla oibriúcháin lena chinntiú go mbaineann comhlachtaí poiblí an leas is fearr agus is féidir as soláthar earraí agus seirbhísí faoi Chreataí Stáit;
    - thug an Rannóg Conarthaí Tráchtála treoir maidir le soláthar earraí agus seirbhísí ag OSR ar mhodh Córais Cheannacháin Dhinimiciúil.

Sprioc Ardleibhéil 5: Tacú le hardleibhéil saineolais, inniúlachta, eolas cothrom le dáta ar an dlí agus scileanna cumarsáide éifeachtacha a fhorbairt, laistigh de thimpeallacht eolas-bhunaithe

Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 5 de chuid an Ráitis Straitéise

5.1 *A chinntiú go bhfanann bainistíocht eolais i gcroílár an méid a dhéanaimid trí straitéis bainistíochta eolais OAA a chur i bhfeidhm*

- Lean OAA de bheith ag obair chun gníomhartha a sainaithníodh ina Straitéis Bhainistíochta Eolais a chur i bhfeidhm go hiomlán, lena n-áirítear próiseas athbhreithnithe iarghnímh a fhorbairt.
- Lean baill foirne de chlár forleathan saincheisteanna dlí a chur i láthair a gcomhghleacaithe i rith na bliana 2019.
- Lean blag dlí OAA de bheith ag fónamh mar uirlis bhainistíochta eolais dlí le haghaidh OAA trí phostálacha ó bhaill foirne OAA (lena n-áirítear Abhcóidí Comhairleacha iasachtaithe) a chur ar fáil i ndáil le raon leathan ábhar dlí, le tacaíocht ó Choiste Bhlag Dlí OAA.
- Lean OAA d'fheabhas a chur ar cheapadh agus ar chomhroinnt fios gnó dlíthiúil eagraíochtúil, agus ar rochtain ar an bhfios gnó sin, tríd an mbunachar sonraí fios gnó a chur chun cinn go leanúnach.
- Lean OAA d'fhaireachán a dhéanamh ar threochtaí agus ar fhorbairtí i leith bainistíocht eolais, lena n-áirítear páirt a ghlacadh i roinnt líonraí Bainistíochta Eolais agus glacadh páirt i líonrúchán laistigh den phobal leathan bainistíochta eolais.

5.2 *A chinntiú go bhfanann bainistíocht eolais i gcroílár an méid a dhéanaimid trí straitéis bhainistíochta eolais OPAS a chur i bhfeidhm*

- Rinne Seirbhís Eolais agus Faisnéise OPAS uasghrádú ar a córas cuardaigh cónasctha *LegalSearch* agus lean sí d'fhorbairt a dhéanamh ar inneachar agus ar fheidhmiúlacht a tairsí faisnéise agus eolais dlí ar a dtugtar *CSSOLegal*.
- Ina theannta sin, ghlac baill foirne OPAS páirt i seisiúin oiliúna dlí faoi stiúradh cainteoirí inmheánacha. Ba é ba chuspóir do na seisiúin oiliúna sin ná deis a thabhairt do chomhghleacaithe a saineolas faoi raon leathan saincheisteanna éagsúla dlí a chomhroinnt i dtimpeallacht eolasach choláisteach.
- Tháinig Coiste Eolais, Foghlama agus Forbartha OPAS le chéile ar bhonn míosúil chun breithniú a dhéanamh ar thacaíocht Bhainistíochta Eolais a bhfuil gá léi ar fud OPAS. Earcaíodh beirt Saintaighdeoirí Dlí chuig OPAS chun cur leis an acmhainneacht i ndáil le tionscadail Bhainistíochta Eolais agus chun acmhainn bhreise luachmhar a sholáthar d'oifigigh dlí.

5.3 *Leanúint de bheith ag díriú ar oiliúint, ar fhoghlaim agus ar fhorbairt dár mbaill foirne uile d'fhonn feidhmíocht agus poitéinseal a uasmhéadú agus d'fhonn freastal a dhéanamh ar riachtanais leanúnacha agus ar riachtanais réamh-mheasta*

- Sa bhliain 2019, leanadh den obair maidir le gníomhartha éagsúla a bhí leagtha amach i straitéis OAA maidir le Foghlaim agus Forbairt don tréimhse 2017-2021 a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, rinne an OAA athbhreithniú go tráthrialta ar a riachtanais oiliúna agus leanadh de chóras aiseolais thráthrialta a chur i bhfeidhm i ndáil leis an oiliúint go léir, idir inmheánach agus seachtrach.

- In OPAS, ghlac baill foirne dlí agus riaracháin páirt in oiliúint, forbairt agus pleanáil rannpháirtíochta ball foirne rud a bhí tairbheach ós rud é gur nithe saincheaptha a bhí i gceist agus ós rud é go raibh sé costéifeachtach. Chun an oiliúint dlí agus an fhorbairt a soláthraíodh a chomhlánú, d'eagraigh OPAS sraith clár folláine ar fud na bliana 2019 chun díriú ar fhorbairt iomlánaíoch na mball foirne.

- D'eagraigh roinnt sain-Choistí léachtaí, seimineáir agus cur i láthair do bhaill foirne in OAA agus in OPAS agus ba iad saineolaithe inmheánacha agus seachtracha a stiúir na himeachtaí sin ar bhain cuid acu le raon ábhar i réimse an dlí agus ar bhain cuid eile le nithe nach raibh bainteach leis an dlí.

- Lean OAA agus OPAS den teagmháil le OneLearning, is é sin, ionad Foghlama agus Forbartha na Státseirbhíse.

- Sa bhliain 2019, sheol OPAS 'Laethanta Lasmuigh den Oifig' do bhaill foirne chun déileáil le nithe a bhain le forbairt ghairmiúil leanúnach. Thug cainteoirí inmheánacha agus cainteoirí seachtracha cur i láthair maidir le raon leathan ábhar éagsúil.

Sprioc Ardleibhéil 6: Cleachtadh dlí agus seirbhísí corparáideacha agus bainistíochta gnó de chineál nua-aimseartha agus gairmiúil a sholáthar mar thacaíocht don Oifig le linn an caighdeán seirbhíse is airde a sholáthar

Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 6 de chuid an Ráitis Straitéise

6.1 *Cuirfidh an Oifig bearta i bhfeidhm chun foghlaim ó sholáthróirí eile seirbhísí dlí ionas go ndéanfar seirbhís níos fearr agus, ar an dóigh sin, torthaí níos fearr a chinntiú don Rialtas*

- **Próisis agus Córais:** Lean OAA agus OPAS de choinneáil cothrom le dáta le forbairtí i ngnólachtaí príobháideacha dlí agus, go háirithe, leanadh de choinneáil cothrom le dáta leis na córais tacaíochta a úsáidtear chun seirbhísí ardchaighdeáin dlí a sholáthar do chliaint. Áiríonn sé sin coimeád ar an eolas faoi dul chun cinn i dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide i dtimpeallacht oifige dlí agus páirt a ghlacadh i Líonra Bainistíochta Eolais agus féachaint leis an dea-chleachtas reatha a chur i bhfeidhm san Oifig. I rith na bliana 2019, lean OAA agus OPAS de bheith i dteagmháil le hoifigí contrapháirtithe i ndlínsí eile d'fhonn na cleachtais agus na córais chomparáideacha a úsáidtear le linn seirbhísí dlí a sholáthar i dtimpeallacht earnála poiblí a phlé agus a chomhroinnt.

- **Acmhainní Daonna:** Choinnigh OAA agus OPAS a mbuiséad don fhoireann faoi athbhreithniú agus, ag an am céanna, rinneadh a gcuid meastachán don bhliain 2019 a chomhaontú leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Trí idirchaidreamh dlúth leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus trí acmhainní a chur ar fáil le haghaidh reáchtáil comórtais earcaíochta, d'oibrigh an dá Oifig chun a chinntiú go ndearnadh an fhoireann is oiriúnaí a earcú chun folúntais a tháinig chun cinn a líonadh i rith na bliana 2019.

6.2 *Déanfaidh an Oifig struchtúir agus feidhmeanna tacaíochta a choimeád d'fhonn ligean di na spriocanna atá leagtha amach thuas a chomhlíonadh*

- **Pleanáil i leith an Fhórsa Saothair:** Lean OAA agus OPAS dá riachtanais foirne a choinneáil faoi athbhreithniú leanúnach i rith na bliana 2019 agus chuathas i mbun pleanáil fórsa saothair lena chinntiú go ndéanfaí riachtanais foirne a réamh-mheas ag féachaint d'iasachtaí chuig Ranna, ar an ngá le saintacaíocht agus sainróil riaracháin, ar chonarthaí a thabhairt i gcrích agus ar scor fostaithe etc agus, de bhreis air sin, lena chinntiú go ndéileálfaí go cuí le riachtanais ár gcliant i réimsí nua. Rinneadh pleananna nua fórsa saothair a chur faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i rith na bliana lena chinntiú go bhféadfadh an dá Oifig féachaint le riachtanais foirne a réamh-mheas.

- **Clár Scileanna OPAS:** Sa bhliain 2019, lainseáil OPAS Clár Scileanna ar bhonn tionscadal píolótach chun cabhrú le meaitseáil scileanna agus le sainaithint riachtanas oiliúna agus chun tacú le pleanáil fhianaise-bhunaithe i leith an fhórsa saothair.

- **Bainistíocht chorparáideach:** Le linn aon iarrataí ar fhoireann bhreise a ullmhú, chuir OAA agus OPAS san áireamh an leithroinnt bhuiséid don bhliain 2019 agus an gá le fanacht laistigh de shrianta buiséadacha. I rith na bliana 2019, thug na hOifigigh Airgeadais faisnéis airgeadais ag cruinnithe bainistíochta míosúla. Le linn na gcruinnithe sin, soláthraíodh próifílí mionsonraithe caiteachais i leith na bhfo-mhírcheann go léir. De bhreis air sin, seoladh cruinnithe Comhpháirtíochta sa dá Oifig.

- **Ullmhúchán don Aistriú chuig Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais:** Ar fud na seirbhíse poiblí, tá Ranna agus Oifigí ag ullmhú le haghaidh chur i bhfeidhm iomlán na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais. I rith na bliana 2019, leanadh den ullmhúchán sin agus d'fhreastail ionadaithe de chuid OAA agus OPAS ar roinnt cruinnithe agus ceardlann chun ullmhúchán a dhéanamh don aistriú sin.

- **Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann ("eISB"):** Déanann Grúpa eISB na hOifige formhaoirseacht ar ullmhú, ar bhainistíocht agus ar uasdátú leanúnach eISB agus rinne sé obair shuntasach sa bhliain 2019 maidir leis an gclár oibre r-Rialtais. Is é atá in eISB ná taisclann ar líne reachtaíochta príomha agus reachtaíochta tánaistí a uasdátaítear go tráthrialta agus atá ar fáil saor in aisce ag an bpobal tríd an láithreán gréasáin www.irishstatutebook.ie. Leanadh den Eolaire Reachtaíochta a uasdátú (ó 1922 go 2019, i gcás na nAchtanna, agus ó 1962 go 2019, i gcás na nIonstraimí Reachtúla), agus foilsítear an t-eolaire ar eISB, rud a chumasaíonn d'úsáideoirí a fháil amach ar leasaíodh aon fhoráil reachtúil ar leith, nó an ndearnadh difear, ar shlí eile, d'aon fhoráil reachtach ar leith, ón tráth ar achtaíodh nó a ndearnadh í.

  Tá téacs iomlán an Bhunreachta, mar aon le naisc le hAchtanna leasaitheacha, foilsithe ar eISB freisin. Leanann eISB de nach díreach le hAchtanna Athleasaithe a chur ar fáil (is é sin, leaganacha comhdhlúite neamhoifigiúla riaracháin atá tiomsaithe ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí) má bhíonn siad ar fáil. Sa bhliain 2019 freisin, cuireadh isteach nasc díreach ón Acht go dtí an Bille iomchuí ar láithreán gréasáin Thithe an Oireachtais. I gcomhréir le prionsabal na sonraí oscailte, lean eISB de shonraí maidir le reachtaíocht phríomha a chur ar fáil i bhformáid XML.

- **Aitheantóir Eorpach Reachtaíochta ("AER"):** Sa bhliain 2019, lean an Oifig den AER a chur i bhfeidhm trí bhíthin an eISB. Mar thoradh ar an AER, tá sé de cheangal ar Bhallstáit AE úsáid a bhaint as aitheantas caighdeánach ar líne reachtaíochta agus as airíonna meiteashonraí chun cur síos a dhéanamh ar gach acmhainn dlí ar leith ionas go gcumasófar cuardach éifeachtach atá áisiúil don úsáideoir agus níos tapa agus go gcumasófar malartú faisnéise dlí.

- **Cásanna agus Taifid a Bhainistiú:** Lean na hAonaid Chlárlainne in OAA agus in OPAS dá gcroíghníomhaíochtaí a fhorfheidhmiú sa bhliain 2019, lena n-áirítear taifid a bhainistiú, comhaid a chothabháil agus ábhair a thionscnamh/cásanna a chruthú. Fuair baill nua foirne

oiliúint maidir le téarnamh tar éis tubaiste agus is mórghné de Bheartas Bainistíochta Riosca na hOifige an téarnamh tar éis tubaiste sin. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí eile áiríodh comhaid a ullmhú lena n-aistriú chuig an gCartlann Náisiúnta de réir na reachtaíochta iomchuí agus comhaid dhíomhaoine a aistriú chuig ionad stórála lasmuigh den láithreán d'fhonn spás stórála dóthanach a chinntiú le haghaidh comhaid reatha. Cheap OPAS Bainisteoir Taifead sa bhliain 2019 agus chuir sé tús le hathbhreithniú ar nósanna imeachta agus ar bheartas i ndáil le hoibríochtaí Clárlainne agus próisis Bhainistíochta Taifead laistigh den oifig. Rinneadh seirbhísí agus nósanna imeachta Chlárlann OPAS a uasdátú agus a oiriúnú chun freastal ar riachtanais athraitheacha oibriúcháin.

6.3 *Leanfaidh an Oifig de chultúr gairmiúlachta agus feidhmíochta a chruthú d'fhonn ardchaighdeáin feidhmíochta a leabú*

- **Bainistíocht Riosca:** I rith na bliana 2019, d'oibrigh Coiste Bainistíochta Riosca OAA-OPAS le baill foirne chun feasacht ar rioscaí a mhéadú agus chun na cláir rioscaí a athbhreithniú agus a uasdátú. Rinneadh ráitis deimhnithe riosca leathbhliantúla a iarraidh ar úinéirí iomchuí na rioscaí agus comhaontaíodh Plean nua an Choiste Bainistíochta Riosca don bhliain 2020.
- **Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta ("CBFF"):** Sa bhliain 2019, lean foireann na hOifige de bheith páirteach i CBFF agus taifeadadh ráta comhlíontachta 83% do OAA agus taifeadadh ráta 79% do OPAS.
- **Athnuachan agus Athchóiriú na Státseirbhíse:** I rith na bliana 2019, lean OAA agus OPAS de thionscnaimh faoi Chlár Athchóirithe na Státseirbhíse a chur i bhfeidhm nó de chúnamh a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm na dtionscnamh sin. I measc na ngníomhaíochtaí suntasacha a cuireadh i gcrích sa bhliain 2019, áiríodh an méid seo a leanas:
    - Leabú leantach na Seirbhíse Comhroinnte Acmhainní Daonna agus ullmhúchán a dhéanamh don aistriú chuig Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais.
    - Comórtais iontrála don dá Oifig agus iad oscailte do gach duine ag a bhfuil na cáilíochtaí riachtanacha.
    - Leanúint de Chlár Ceannaireachta na bPríomhoifigeach chun ceannairí a fhorbairt don todhchaí.
    - Leanúint d'úsáid a bhaint as córas bainistíochta feidhmíochta LEADS i gcás Ard-Rúnaithe Cúnta agus ag leibhéil os a chionn sin.
    - Forbairt agus rannpháirtíocht leanúnach i dtaca leis an scéim shoghluaisteachta do bhaill foirne, ar scéim í ar cuireadh tús léi go luath sa bhliain 2019 do ghráid áirithe.
    - Reáchtáladh imeacht lae d'fhoireann OAA go luath sa bhliain 2019 agus ba é ba théama don imeacht sin ná cultúr agus luachanna OAA agus, chomh maith leis sin,

cuireadh roinnt tionscnamh eile i bhfeidhm a lean as Suirbhé Rannpháirtíochta Fostaithe Státseirbhíse 2017.

- In OPAS, seoladh dhá chruinniú 'Halla Baile' don fhoireann i mBealtaine 2019 chun torthaí agus anailís i leith fócasghrúpaí rannpháirtíochta foirne agus i leith suirbhé inmheánach a rinneadh i mí na Nollag 2018. Mar thoradh air sin, chomhaontaigh an Bord Bainistíochta Plean Gníomhaíochta agus iarradh ar an lucht bainistíochta sinsearaí ar leibhéal Rúnaí Chúnta glacadh le cúram i ndáil leis na gníomhartha a tháinig faoi réim a bhfreagrachtaí. I mí Mheán Fómhair agus i mí na Nollag 2019, de bhreis ar cheithre fhócasghrúpa a seoladh in éineacht le baill foirne (lena n-áirítear seisiúin d'iontrálaithe nua agus do dhaoine nach raibh ag fónamh san oifig a thuilleadh), reáchtáladh suirbhé inmheánach eile agus thionóil Meitheal Nuálaíochta OPAS Fóram Bliantúil Smaointe.

- **Oiliúint agus Forbairt:** Lean Coiste Foghlama agus Forbartha OAA dá chuid gníomhartha a chur ar aghaidh de réir mar atá leagtha amach sa Straitéis Foghlama agus Forbartha do OAA. Ghlac baill foirne dlí agus riaracháin de chuid OPAS páirt in obair Choiste Foghlama agus Forbartha OPAS chun comhlíonadh Straitéis Foghlama agus Forbartha OPAS a chinntiú. De bhreis air sin, lean an dá Oifig de bheith ag díriú ar chláir folláine dá mbaill foirne.

- **Gradaim Dhlí na hÉireann 2019:** Ghlac OPAS páirt i nGradaim Dhlí na hÉireann ar imeacht bliantúil é atá ceaptha chun aitheantas a thabhairt ar shármhaitheas i ngairm an dlí in Éirinn, agus gnóthachtálacha dlíodóirí á moladh. Bhí an Rannóg Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh, an Rannóg Tráchtála agus Bunreachta (an Mheitheal Dlí Teaghlaigh) agus an Rannóg Sócmhainní Coiriúla páirteach sna babhtaí ceannais ina gcatagóirí faoi seach.

6.4 *Pleanálfaidh an Oifig do riachtanais dlí speisialaithe san Oifig agus i dtaobh conas is fearr acmhainní a chur ar fáil do riachtanais dlí tosaíochta an Rialtais*

- **Baill Foirne a thabhairt ar iasacht do Ranna agus d'institiúidí Eorpacha:** Meastar gurb ionann deiseanna iasachtaithe agus straitéis thábhachtach maidir le baill foirne shainoilte a choimeád agus maidir le cur le saineolas dlí. I rith na bliana 2019, lean baill foirne de chuid OAA agus OPAS de bheith ar iasacht i Ranna, in Oifigí, in institiúidí Eorpacha agus in eagraíochtaí eile agus chun chúnamh a thabhairt i ndáil le fiosrúcháin phoiblí.

- **Riachtanais mhéadaithe speisialaithe dlí**: I rith na bliana, lean an Oifig de bhaill foirne a earcú agus a oiliúint, agus de scileanna nua a chur ar fáil dóibh, d'fhonn freastal ar na riachtanais mhéadaithe speisialaithe dlí san Oifig agus ar na riachtanais dlí tosaíochta de chuid an Rialtais.

Cuid 3: Iarscríbhinní

Iarscríbhinn A

Billí Rialtais a foilsíodh sa bhliain 2019

Bille chun an Bunreacht a leasú

- An Bille um an Naoú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Toghcháin Uachtaráin) 2019

Billí Poiblí Ginearálta

- An Bille Leithreasa 2019
- An Bille um Dhiamhasla (Cionta a Chealú agus Nithe Gaolmhara) 2019
- An Bille Craolacháin (Leasú) 2019
- An Bille fán mBinse um CervicalCheck 2019
- An Bille um Chúram Leanaí (Leasú) 2019
- An Bille um Thionóil Saoránach 2019
- An Bille um Chlárú Sibhialta 2019
- Bille na gCuideachtaí (Leasú) 2019
- Bille na gCúirteanna (Bunú agus Comhdhéanamh) (Leasú) 2019
- An Bille um an mBord um Athstruchtúrú Comhar Creidmheasa (Díscaoileadh) 2019
- An Bille um Cheartas Coiriúil (Comhar Idirnáisiúnta) 2019
- An Bille um Cheartas Coiriúil (Aitheantas Frithpháirteach do Chinntí ar Bhearta Maoirseachta) 2019
- An tAcht um Thaifid Choiriúla (Malartú Faisnéise) 2019
- An Bille Fórsaí Cosanta (Fianaise) 2019
- An Bille Oideachais (Cairt Mac Léinn agus Tuismitheoirí) 2019
- An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa (Leasú) 2019
- An Bille um an Dlí Teaghlaigh 2019
- An Bille Airgeadais (Achomhairc Chánach agus an Rialachán Réamheolaire) 2019
- An Bille Airgeadais 2019
- An Bille um Chearrbhachas agus Crannchuir (Leasú) 2019
- An Bille um Fhaisnéis faoin Difríocht Pá idir na hInscní 2019
- An Bille um Shláinte agus Tacaíocht Cúraim Leanaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2019
- An Bille Árachais Sláinte (Leasú) 2019
- Bille na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil) 2019
- An Bille um Fhorbairt Tionscail (Leasú) 2019
- An Bille um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta (Leasú) 2019
- An Bille um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha (Leasú) 2019
- An Bille um Micreachlocha (Toirmeasc) 2019

- An Bille um Ascnamh Urrús Rannpháirteach 2019
- Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2019
- An Bille um Shaoire agus Sochar Tuismitheora 2019
- An Bille um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Sábháilteachta Othair Infhógartha) 2019
- An Bille um Thoirmeasc ar Airm Núicléacha 2019
- An Bille um Shásamh do Mhná a Raibh Cónaí Orthu i bhForais Áirithe (Leasú) 2019
- An Bille um Ghairmeacha Rialáilte (Sláinte agus Cúram Sóisialach) (Leasú) 2019
- An Bille um Thaifid a Choimeád 2019
- An Bille Leasa Shóisialaigh 2019
- An Bille Leasa Shóisialaigh (Uimh 2.) 2019
- An Bille um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (Forálacha Iarmhartacha) 2019

Iarscríbhinn B

Billí Rialtais a achtaíodh sa bhliain 2019

- An tAcht um Thorann Aerárthaí (Aerfort Bhaile Átha Cliath) a Rialáil 2019
- An tAcht Leithreasa 2019
- An tAcht um Dhiamhasla (Cionta a Chealú agus Nithe Gaolmhara) 2019
- An tAcht fán mBinse um CervicalCheck 2019
- An tAcht um Thionóil Saoránach 2019
- An tAcht um Chlárú Sibhialta 2019
- Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2019
- An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí (Dearbháin Bhronntanais) 2019
- An tAcht um Chóipcheart agus Forálacha Eile maidir le Maoin Intleachtúil 2019
- An tAcht Cróinéirí (Leasú) 2019
- Acht na gCúirteanna 2019
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Comhar Idirnáisiúnta) 2019
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Aitheantas Frithpháirteach do Bhreithiúnais agus Cinntí Promhaidh) 2019
- An tAcht um an Dlí Coiriúil (Dlínse Sheach-Chríochach) 2019
- An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) (Leasú) 2019
- An tAcht um Thaifid Choiriúla (Malartú Faisnéise) 2019
- An tAcht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí 2019
- An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa (Leasú) 2019
- An tAcht um an Dlí Teaghlaigh 2019
- An tAcht Airgeadais (Achomhairc Chánach agus an Rialachán Réamheolaire) 2019
- An tAcht Airgeadais 2019
- An tAcht um Chearrbhachas agus Crannchuir (Leasú) 2019
- An tAcht um Rásaíocht Con 2019
- An tAcht um Shainmharcáil (Leasú) 2019
- An tAcht um Shláinte agus Tacaíocht Cúraim Leanaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2019
- An tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (Leasú) 2019
- An tAcht Árachais Sláinte (Leasú) 2019
- An tAcht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019
- Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil) 2019
- An tAcht um Fhorbairt Tionscail (Leasú) 2019
- An tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2019

- An tAcht um Chomhairle na mBreithiúna 2019
- An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha (Leasú) 2019
- An tAcht Rialtais Áitiúil 2019
- An tAcht um Rátaí Rialtais Áitiúil agus Nithe Eile 2019
- An tAcht um Micreachlocha (Toirmeasc) 2019
- An tAcht um Ascnamh Urrús Rannpháirteach 2019
- An tAcht um Barrachas Náisiúnta (Cúlchiste le haghaidh Teagmhais Eisceachtúla) 2019
- An tAcht um Shaoire agus Sochar Tuismitheora 2019
- An tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú) 2019
- An tAcht um Thoirmeasc ar Airm Núicléacha 2019
- An tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (Leasú) 2019
- An tAcht um Shásamh do Mhná a Raibh Cónaí Orthu i bhForais Áirithe (Leasú) 2019
- An tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú) 2019
- An tAcht um Iascaigh Mhara (Leasú) 2019
- An tAcht Leasa Shóisialaigh 2019
- An tAcht Leasa Shóisialaigh (Uimh. 2) 2019
- An tAcht um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (Forálacha Iarmhartacha) 2019

Iarscríbhinn C

Billí Comhaltaí Príobháideacha a achtaíodh sa bhliain 2019

Acht chun an Bunreacht a leasú

- An tAcht um an Ochtú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Scaoileadh ar Phósadh) 2019

Achtanna Poiblí Ginearálta

- An tAcht um an Dlí Sibhialta (Toimhde Báis) 2019
- An tAcht um Chonarthaí Árachais i leith Tomhaltóirí 2019
- An tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) (Leasú) 2019
- An tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí (Leasú) 2019
- An tAcht Parúil 2019

Iarscríbhinn D

Measatcháin agus Torthaí Sealadacha
Vóta 3: Oifig an Ard-Aighne, Oifig Shráid Mhuirfean
Toradh Sealadach 2019 agus Measatchán do na blianta 2019 agus 2020

Measatchán agus Toradh Sealadach don bhliain 2019 agus measatchán ar an méid is gá sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 le haghaidh thuarastail agus chaiteachais Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear deontas.

	An tSeirbhís	Soláthar Measta	Toradh Sealadach	Soláthar Measta
		2019	2019	2020
		€000	€000	€000
	Riarachán			
A1	Tuarastail, Pá agus Liúntais	11894	10971	12107
A2 (i)	Taisteal agus Cothú	210	271	310
A2 (ii)	Oiliúint & Forbairt, & Caiteachais Theagmhasacha	640	646	640
A2 (iii)	Seirbhísí Poist & Teileachumarsáide	63	68	63
A2 (iv)	Trealamh Oifige & Seirbhísí Seachtracha TF	590	705	665
A2 (v)	Caiteachais Áitribh Oifige	160	82	160
A2 (vi)	Seirbhísí Sainchomhairleoireachta & Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead	43	5	43
A2 (vii)	Saineolas Dlí ar Conradh	280	180	280
	Fo-iomlán	**13880**	**12928**	**14268**
	Seirbhísí eile			
A3	Ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta	39	44	45
A4	An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí (Deontas i gCabhair)	2295	2073	2439
A5	Caiteachais Ghinearálta Dlí	139	108	133
	Iomlán Comhlán	**16353**	**15153**	**16885**
	Le hAsbhaint			
B	Leithreasaí-i-gCabhair	(761)	(580)	(705)
	Iomlán Glan	**15592**	**14573**	**16180**

Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Toradh Sealadach don bhliain 2019 agus Meastachán do na blianta 2019 agus 2020

Meastachán agus Toradh Sealadach don bhliain 2019 agus Meastachán ar an méid is gá sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 le haghaidh thuarastail agus chaiteachais Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

	An tSeirbhís	Meastachán An Soláthar	Toradh Sealadach	Meastachán An Soláthar
		2019	2019	2020
		€000	€000	€000
	Riarachán			
A1	Tuarastail, Pá agus Liúntais	18113	17735	19233
A2(ii)	Taisteal agus Cothú	70	101	90
A2(iii)	Oiliúint agus Forbairt, agus Caiteachais Theagmhasacha	983	974	1038
A2(iv)	Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide	330	284	310
A2(v)	Innealra Oifige agus Soláthairtí Oifige eile agus Seirbhísí Gaolmhara	750	784	750
A2(vi)	Caiteachais Áitribh Oifige	275	166	250
A2(vii)	Seirbhísí Sainchomhairleoireachta agus Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus ar Bheartas	50	60	100
	Fo-iomlán	**20571**	**20104**	**21771**
	Seirbhísí eile			
A3	Seirbhísí Seachtracha Dlí	200	156	220
A4	Táillí d'Abhcóidí*	18500	19237	15000
A5	Caiteachais Ghinearálta Dlí	1300	940	1200
	Iomlán Comhlán	**40571**	**40437**	**38191**
	Le hAsbhaint			
B	Leithreasaí-i-gCabhair	955	988	810
	Iomlán Glan	**39616**	**39449**	**37381**

* Áiríonn sé sin Meastachán Forlíontach €5.0m i mí na Nollag 2019.

Iarscríbhinn E

Ráitis agus Tuarascálacha i leith cleachtais íocaíochta

Oifig an Ard-Aighne, Oifig Shráid Mhuirfean

Ráiteas maidir le Comhlíonadh an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 agus maidir le Comhlíonadh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002

Comhlíonann íocaíochtaí cuí a rinne an Oifig seo téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

Rinneadh treoirlínte a cuireadh i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíonfaí an tAcht a scaipeadh ar an bhfoireann go léir in mí Eanáir 1998, agus cuireadh an fhoireann ar an eolas freisin faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 nuair a tháinig siad i bhfeidhm ar an 7 Lúnasa 2002. Is é is aidhm do na treoirlínte sin ná imréiteach pras sonrasc a éascú agus cosc a chur ar thabhú íocaíochtaí pionós úis nó cúitimh. Ina theannta sin, déantar faireachán go tráthrialta ar nósanna imeachta airgeadais atá i bhfeidhm san Oifig chun a áirithiú go bhfuil an reachtaíocht á comhlíonadh.

Is iad seo a leanas na príomhnósanna imeachta atá i bhfeidhm:

- Mura rud é go gcomhaontaítear a mhalairt trí chonradh i scríbhinn, tá feidhm ag an spriocam 30 lá i leith íoc pras maidir le gach íocaíocht. Ón 15 Meitheamh 2009 ar aghaidh, tá sé d'oibleagáid ar na Ranna Rialtais go léir gach soláthraí a íoc laistigh de 15 lá ón tráth a bhfaightear sonrasc bailí, agus ní mór dóibh tiomantas a thabhairt ina leith sin, cé go bhfuil feidhm fós ag an teorainn 30 lá i ndáil le hús íocaíochtaí prasa a íoc.
- Iarrtar ar an bhfoireann a áirithiú go ndéantar sonraisc a dhíriú chuig duine ainmnithe le linn orduithe a dhéanamh le haghaidh earraí agus seirbhísí, rud a sheachnóidh moill maidir le teacht ar an duine a rinne an t-ordú chun críocha deimhniúcháin.
- Cuirtear gach sonrasc ar aghaidh go dtí an tAonad Airgeadais agus cuirtear dátstampa orthu an tráth a bhfaightear iad. Is é an dáta sin an dáta óna ndéantar an tréimhse íocaíochta fhorordaithe a ríomh.
- Déanann an fhoireann san Aonad Airgeadais na sonraisc go léir a fhaightear a scanadh isteach sa Chóras Bainistíochta Airgeadais nuair a fhaightear iad san Aonad Airgeadais.
- Nuair a bheidh na hearraí nó an tseirbhís dá dtagraítear sa sonrasc faighte ag an Oifig, deimhneoidh an tAonad ábhartha go bhfuil an sonrasc in ord le haghaidh íocaíochta trí fhógra á rá go bhfuil na hearraí faighte a ghiniúint sa Chóras Bainistíochta Airgeadais. A luaithe a bheidh an próiseas maidir le hearraí a bheith faighte curtha i gcrích, féadfaidh baill foirne an Aonaid Airgeadais dul ar aghaidh agus an sonrasc a íoc.
- I gcás nach mbeidh an tAonad ábhartha in ann fógra faoi earraí a bheith faighte a ghiniúint mar gheall ar ordú neamhiomlán, ar neamhsholáthar na seirbhíse iomláine, etc., is ceart an tAonad Airgeadais a chur ar an eolas ina leith sin agus ní thosóidh an tréimhse 30 lá go dtí go ndéanfar na hearraí nó an tseirbhís a sholáthar don Oifig ina n-iomláine/hiomláine.
- Tá sé curtha in iúl don fhoireann gur gá fógra á rá go bhfuil na hearraí faighte a ghiniúint a luaithe a

bheidh na hearraí nó an tseirbhís faighte ag an Oifig nó a chur in iúl don Aonad Airgeadais nach bhfuil siad in ann an fógra sin a ghiniúint maidir le sonrasc ar leith. Is ceart socruithe a dhéanamh chun a áirithiú nach é baill foirne a bheith ar saoire etc. is cúis le moill a chur ar phróiseas giniúna an fhógra á rá go bhfuil earraí faighte.

- Más gá sonrasc a cheartú nó má tá díospóid ann faoi, déantar de éis na nósanna imeachta atá sonraithe san Acht. Cuireann an tAonad Airgeadais na nósanna imeachta sin i bhfeidhm, agus déantar taifead i scríbhinn ar na nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm.
- Déanann an fhoireann san Aonad Airgeadais faireachán ar dháta dlite na híocaíochta agus féachann siad lena áirithiú go ndéantar an íocaíocht laistigh den tréimhse fhorordaithe. I gcás ina ndéantar íocaíocht lasmuigh den tréimhse ama fhorordaithe, ríomhfaidh an tAonad Airgeadais ús de réir an Achta agus na Rialachán.
- Tugann an Córas Bainistíochta Airgeadais leideanna don fhoireann san Aonad Airgeadais faoi dháta dlite na híocaíochta.

Tuarascáil maidir le Cleachtais Íoca don bhliain 2019
Oifig an Ard-Aighne, Oifig Shráid Mhuirfean

Ginearálta

- Chomhlíon íocaíochtaí iomchuí a rinne an Oifig seo téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

Íocaíochtaí Déanacha

- Rinneadh íocaíochtaí iomlána €2,000,853.47 sa bhliain 2019 ó Vóta Oifig an Ard-Aighne i leith íocaíochtaí a bhfuil feidhm ag an reachtaíocht maidir leo.
- Níor tabhaíodh aon íocaíochtaí úis um íoc pras i rith na bliana.

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Ráiteas maidir le Comhlíonadh an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 agus maidir le Comhlíonadh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002

Rinneadh treoirlínte a cuireadh i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíonfaí an tAcht a scaipeadh ar an bhfoireann go léir i mí Eanáir 1998, agus cuireadh an fhoireann ar an eolas freisin faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 nuair a tháinig na Rialacháin sin i bhfeidhm ar an 7 Lúnasa 2002. Is é is aidhm do na treoirlínte sin ná imréiteach pras sonrasc a éascú agus cosc a chur ar thabhú íocaíochtaí pionós úis. Ina theannta sin, déantar faireachán go tráthrialta ar nósanna imeachta airgeadais atá i bhfeidhm san Oifig.

Is iad seo a leanas na príomhnósanna imeachta atá i bhfeidhm:

- Mura rud é go gcomhaontaítear a mhalairt trí chomhaontú i scríbhinn, tá feidhm ag an spriocam 30 lá i leith íoc pras maidir le gach íocaíocht.
- Cuirtear gach sonrasc ar aghaidh go díreach go dtí an Rannóg Airgeadais agus Cuntas áit a gcuirtear dátstampa orthu. Is é an dáta sin an dáta óna ndéantar an tréimhse íocaíochta fhorordaithe a ríomh.
- Déanann foireann na Rannóige Airgeadais agus na Rannóige Cuntas sonraisc ghinearálta a scanadh isteach sa Chóras Bainistíochta Airgeadais trí úsáid a bhaint as Bainisteoir Sonrasc agus déantar an próiseas ceadaithe sonrasc a chur i gcrích go leictreonach. Déantar sonraisc Dhlí Ghinearálta a ionchur sa Chóras Bainistíochta Airgeadais agus cuirtear ar aghaidh chuig na láimhseálaithe iomchuí comhaid iad lena gceadú.
- Tá an fhoireann curtha ar an eolas gur ceart gach sonrasc a dheimhniú i gcomhair íocaíochta agus a sheoladh ar aghaidh chuig an Rannóg Airgeadais agus Cuntas láithreach nuair a fhaightear iad. Is ceart socruithe a dhéanamh chun a áirithiú nach é baill foirne a bheith ar saoire etc. is cúis le moill a chur ar shonraisc.
- Más gá sonrasc a cheartú nó má tá díospóid ann faoi, déantar de éis na nósanna imeachta atá sonraithe san Acht. Cuireann an Rannóg Airgeadais agus Cuntas na nósanna imeachta sin i bhfeidhm, agus déantar taifead i scríbhinn ar na nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm.
- Déanann an fhoireann sa Rannóg Airgeadais agus Cuntas faireachán ar dháta dlite na híocaíochta agus féachann siad lena áirithiú go ndéantar an íocaíocht laistigh den tréimhse fhorordaithe. I gcás ina ndéantar íocaíocht lasmuigh den tréimhse ama fhorordaithe, déantar an t-ús a ríomh go huathoibríoch sa Chóras Bainistíochta Airgeadais agus déanann an Rannóg Airgeadais agus Cuntas seiceáil de láimh air sin de réir an Achta agus na Rialachán.

Tuarascáil maidir le Cleachtais Íoca don bhliain 2019
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Tá feidhm ag téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997, arna leasú ag Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002, maidir le híocaíochtaí arna ndéanamh ag an Oifig seo, nó thar a ceann, gan an párolla agus caiteachais áirithe eile de chuid na hOifige a áireamh.

Maidir leis an líon beag cásanna ar ina leith nach ndéantar íocaíochtaí laistigh den tréimhse reachtúil, déantar na híocaíochtaí úis cuí.

Íocaíochtaí a raibh feidhm ag Íocaíochtaí Prasa maidir leo ó Eanáir go Nollaig 2019

Luach Iomlán na nÍocaíochtaí ar fad	€3,419,266.81
Luach Iomlán na n-íocaíochtaí déanacha ar fad (faoi bhun €320 go huile)	€6,185.01
Luach Iomlán na n-íocaíochtaí déanacha ar fad (os cionn €320)	€37,435.33
Luach na n-íocaíochtaí déanacha mar % de na híocaíochtaí ar fad	1.28%
An líon íocaíochtaí déanacha de bhreis ar €320	21
An méid úis a íocadh	€3,737.47
An méid úis mar % de na híocaíochtaí ar fad	0.10%
Léiriú ginearálta ar Fhad Ama na Moilleanna	38 lá

Iarscríbhinn F

Miondealú Foirne

Seo a leanas forléargas ar an miondealú foirne, agus ar an gcomhdhéanamh ó thaobh inscne de, ag deireadh na bliana 2019, i gcás na hOifige, ar forléargas é ina dtugtar léiriú á thabhairt ar an líon foirne sa ghrád lena mbaineann agus ar an gcéatadán den ghrád sin:

	Fir	Mná
Ard-Rúnaí[1]	1 (33%)	2 (67%)
Leas-Ardstiúrthóir	0 (0%)	0 (0%)
Rúnaí Cúnta	5 (36%)	9 (64%)
Príomhoifigeach	19.8 (34%)	38.75 (66%)
Príomhoifigeach Cúnta	62 (35%)	115.01 (65%)
Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin	14.8 (52%)	13.4 (48%)
Oifigeach Riaracháin	1 (50%)	1 (50%)
Oifigeach Feidhmiúcháin	14 (32%)	29.55 (68%)
Oifigeach Foirne	3.8 (50%)	3.8 (50%)
Oifigeach Cléireachais	22 (27%)	60.2 (73%)
Oifigeach Cléireachais Sealadach	0 (0%)	2 (100%)
Oifigeach Seirbhísí	4 (100%)	0 (0%)

[1]Gan iar-Phríomhdhréachtóir Parlaiminte atá fós ag fónamh san Oifig a áireamh.

Iarscríbhinn G

Staitisticí Saorála Faisnéise

Staitisticí maidir le hiarrataí a rinneadh faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise
Oifig an Ard-Aighne, Oifig Shráid Mhuirfean

Oifig an Ard-Aighne	An Líon Iarratas a Fuarthas	Pearsanta	Neamhphearsanta	Measctha	An líon iarrataí ar géilleadh dóibh	An líon iarrataí ar páirtghéilleadh dóibh
1998	22	6	16	0	4	1
1999	27	7	20	0	2	4
2000	25	3	22	0	3	3
2001	23	4	19	0	2	2
2002	22	4	18	0	3	1
2003	18	3	15	0	5	4
2004	6	2	4	0	2	0
2005	3	1	2	0	0	0
2006	6	0	6	0	1	0
2007	1	1	0	0	0	0
2008	5	1	4	0	2	0
2009	7	2	5	0	1	1
2010	10	3	7	0	3	1
2011	6	1	5	0	1	1
2012	7	4	3	0	3	0
2013	5	2	3	0	2	0
2014	7	1	6	0	4	0
2015	19	4	15	0	5	0
2016	6	1	5	0	3	0
2017	15	5	10	0	2	2
2018	6	1	5	0	1	0
2019	19	5	14	0	2	0
Iomlán	265	61	204	0	51	20

Oifig an Ard-Aighne	An líon iarrataí ar diúltaíodh dóibh	An líon iarrataí ar diúltaíodh dóibh faoi alt 46(1)(b) d'Acht 1997 agus faoi Alt 42(f) d'Acht 2014 (tá an figiúr san áireamh sa Líon Iomlán Iarrataí ar Diúltaíodh Dóibh)	An líon iarrataí a aistríodh	An líon iarrataí a tarraingíodh siar nó ar déileáladh leo lasmuigh de Shaoráil Faisnéise	Cásanna Beo	An líon athbhreithnithe inmheánacha a fuarthas	An líon achomharc chuig an Coimisinéir Faisnéise	An líon táillí a gearradh	An méid a gearradh
1998	15	12	1	0	1	6	2	0	Nialas
1999	21	18	0	1	0	6	0	0	Nialas
2000	18	14	0	1	0	4	0	0	Nialas
2001	16	13	0	0	3	2	2	0	Nialas
2002	20	20	0	0	1	0	0	0	Nialas
2003	9	9	0	1	0	1	1	3	€45
2004	4	3	0	0	0	0	0	4	€60
2005	2	2	1	0	0	0	0	1	€15
2006	5	5	0	0	0	0	0	6	€90
2007	1	1	0	0	0	0	0	0	Nialas
2008	1	1	0	1	1	0	0	3	€45
2009	6	6	0	0	0	1	0	2	€25
2010	6	6	0	0	0	0	0	6	€90
2011	4	4	0	0	0	2	0	6	€90
2012	3	3	0	1	0	1	1	3	€45
2013	3	3	0	0	0	0	0	3	€45
2014	3	3	0	0	0	0	0	0	Nialas
2015	8	8	0	0	0	0	0	0	Nialas
2016	2	0	0	1	0	0	0	0	Nialas
2017	11	11	0	0	1	1	1	0	Nialas
2018	5	5	0	0	0	0	0	0	Nialas
2019	16	15	1	0	0	0	0	0	Nialas
Iomlán	179	162	3	6	ní hinfheidhme	24	7	37	€550

Staitisticí don bhliain 2019

Oifig an Ard-Aighne	An Líon Iarratas a Fuarthas	Iriseoirí	Gnó	Oireachtas	Baill Foirne	Eile
01/01/19 go 31/12/19	19	3	0	0	0	16

Staitisticí ón 21 Aibreán 1998 go dtí an 31 Nollaig 2019

Oifig an Ard-Aighne	An Líon Iarratas a Fuarthas	Iriseoirí	Gnó	Oireachtas	Baill Foirne	Eile
21/04/98 go 31/12/19	265	82	39	3	6	135

Staitisticí maidir le hiarrataí a rinneadh faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise: Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	An Líon Iarratas a Fuarthas	Pearsanta	Neamhphearsanta	Measctha	An líon iarrataí ar géilleadh dóibh	An líon iarrataí ar páirtghéilleadh dóibh
1998	17	14	3	0	10	0
1999	9	3	6	0	4	0
2000	23	11	12	0	15	4
2001	9	6	3	0	5	0
2002	9	5	4	0	2	0
2003	6	2	4	0	0	1
2004	3	1	2	0	0	0
2005	2	2	0	0	2	0
2006	2	0	2	0	0	0
2007	3	2	1	0	2	0
2008	6	6	0	0	2	0
2009	10	1	9	0	1	1
2010	5	2	3	0	2	0
2011	4	0	4	0	1	0
2012	6	0	6	0	1	0
2013	3	2	1	0	2	0
2014	6	1	5	0	1	0
2015	3	1	2	0	1	0
2016	3	2	1	0	2	0
2017	3	2	1	0	0	0
2018	2	0	2	0	0	0
2019	7	0	7	0	1	0
Iomlán	141	63	78	0	54	6

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	An líon iarrataí ar diúltaíodh dóibh	An líon iarrataí ar diúltaíodh dóibh faoi alt 46(1)(b) d'Acht 1997 nó faoi Alt 42(f) d'Acht 2014 (tá an figiúr san áireamh sa Líon Iomlán Iarrataí ar Diúltaíodh Dóibh)	An líon iarrataí a aistríodh	An líon iarrataí a tarraingíodh siar nó ar déileáladh leo lasmuigh de Shaoráil Faisnéise	Cásanna Beo	An líon athbhreithnithe inmheánacha a fuarthas	An líon achomharc chuig an Coimisinéir Faisnéise	An líon táillí a gearradh	An méid a gearradh
1998	4	4	2	0	1	1	0	0	Nialas
1999	4	4	1	0	1	3	1	0	Nialas
2000	5	2	0	0	0	1	1	0	Nialas
2001	4	3	0	0	0	1	1	0	Nialas
2002	7	7	0	0	0	0	0	0	Nialas
2003	1	1	2	2	0	1	0	0	Nialas
2004	0	0	0	2	1	0	0	0	Nialas
2005	0	0	0	0	0	0	0	0	Nialas
2006	2	2	0	0	0	1	0	1	€15
2007	0	0	0	1	0	0	0	1	€15
2008	2	0	1	0	1	0	0	0	Nialas
2009	3	3	2	2	2	0	0	4	€60
2010	3	3	0	0	0	2	2	2	€30
2011	3	3	0	0	0	1	0	3	€45
2012	4	4	0	0	1	1	0	4	€60
2013	0	0	1	0	0	0	0	0	Nialas
2014	4	4	1	0	0	0	1	0	Nialas
2015	3	2	0	0	0	0	0	0	Nialas
2016	1	0	0	0	0	0	0	0	Nialas
2017	3	0	0	0	0	0	0	0	Nialas
2018	2	0	0	0	0	0	0	0	Nialas
2019	6	6	0	0	0	0	0	0	€30
Iomlán	61	48	10	7	ní hinfheidhme	12	6	15	€255

Staitisticí don bhliain 2019 i leith Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	An Líon Iarratas a Fuarthas	Iriseoirí	Gnó	Oireachtas	Baill Foirne	Eile
01/01/19 go 31/12/19	7	0	1	0	1	5

Staitisticí ón 21 Aibreán 1998 go dtí an 31 Nollaig 2019

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	An Líon Iarratas a Fuarthas	Iriseoirí	Gnó	Oireachtas	Baill Foirne	Eile
21/04/98 go 31/12/19	141	20	6	0	45	70

Iarscríbhinn H:

Úsáid Fuinnimh

Forléargas ar Úsáid Fuinnimh ag Oifig an Ard-Aighne sa bhliain 2019

Maidir le húsáid fuinnimh in Oifig Shráid Mhuirfean, baineann an chuid is mó den úsáid fuinnimh san fhoirgneamh le téamh spáis, aer-oiriúnú agus uisce te. Is iad soilsiúchán, trealamh oifige agus trealamh lónadóireachta is cúis leis an gcuid is mó den úsáid eile fuinnimh. Sa bhliain 2019, d'úsáid OAA:

- 357 MWh de leictreachas,
- 342 MWh de bhreoslaí gáis nádúrtha san iomlán,
- 33 thona de bhreoslaí in-athnuaite i bhfoirm millíní adhmaid (sliseanna adhmaid).

Gníomhartha a Rinneadh sa bhliain 2019

Sa bhliain 2019, chuaigh OAA i mbun roinnt tionscnamh chun feabhas a chur ar a fheidhmíocht i dtaca le cúrsaí fuinnimh de.

I measc na dtionscnamh sin, áiríodh soilse LED a fheistiú i limistéir sheomra folctha, i bpasáistí agus i seomraí comhdhála. Athraíodh an soilsiúchán i seomraí folctha le go rialófaí le braiteoir é. Ina theannta sin, d'fhorbair OAA a chaidreamh le meitheal 'Barrfheabhsú Cumhachta ag an Obair' a rinne iniúchtaí fuinnimh chomh maith rianú leanúnach a dhéanamh ar na figiúirí.

Gníomhartha atá beartaithe don bhliain 2020:

- LED-anna a chur in ionad soilse sna seomraí go léir ina mbíonn gá le soilse nua.
- Leanúint de limistéir a shainaithint inar féidir tuilleadh laghdaithe ar úsáid fuinnimh a bhaint amach.
- Clár rannpháirtíochta foirne a fhorbairt a mhéid a bhaineann le feasacht ar fhuinnimh agus an méid sin a dhéanamh trí bhíthin imeachtaí amhail suirbhéanna, laethanta fuinnimh etc.

Forléargas ar Úsáid Fuinnimh ag OPAS sa bhliain 2019

Úsáideann OPAS fuinneamh in dhá fhoirgneamh oifigí i dTeach Osmond, Sráid na gCaorach Bheag, agus ag 3 Lána na Seansaireachta. Sa bhliain 2019, d'úsáid OPAS 1081.478 MWh d'fhuinneamh inar cuimsíodh:

- 522.947 MWh de leictreachas
- 558.531 MWh de bhreosla iontaise (Gás)

Gníomhartha a rinneadh sa bhliain 2019

- Sa bhliain 2019, lean OPAS dá chlár leanúnach i ndáil le feasacht a mhéadú i measc na foirne d'fhonn laghduithe a chur i bhfeidhm maidir le húsáid fuinnimh i gcás ina mbeadh sé sin indéanta.
- Thuairiscigh OPAS sonraí trí chóras Faireacháin agus Tuairiscithe ar líne SEAI. Cuireadh na sonraí riachtanacha ar fáil faoi na spriocamanna a bhí leagtha síos.
- Lean OPAS dá rannpháirteachas i gClár Meantóireachta na Seirbhíse Poiblí.
- Rinneadh an tionscadal maidir le huasghrádú an tsoilsiúcháin i dTeach Osmond chuig lampaí LED a chur i gcrích.

Gníomhartha atá beartaithe don bhliain 2020

- Leanúint de chlár mhéadaithe feasachta i measc na foirne i ndáil le húsáid fuinnimh agus i ndáil le réimsí inar féidir éifeachtúlachtaí a bhaint amach.
- Tionscnaimh a scrúdú, agus iad a chur i bhfeidhm más praiticiúil, chun a chur faoi deara go dtiocfaidh laghduithe eile ar úsáid fuinnimh.